# Óglaigh na hÉireann
# Defence Forces
## 2016




ireland.ie

ÉIRE
IRELAND
1916
2016

Óglaigh na hÉireann
DEFENCE FORCES IRELAND

# Óglaigh na hÉireann
# Defence Forces
# 2016

military.ie

ÉIRE
IRELAND
1916
2016



Vice Admiral Mark Mellett DSM

# Forward from the Chief of Staff
# Réamhrá ón gCeann Foirne

*'Óglaigh na hÉireann has been the people, is the people and will be the people. Our green uniform does not make us less people. It is a cloak of our service, a curtailer of our weaknesses, an amplifier of our strengths'*

– GENERAL RICHARD MULCAHY

The 1916 commemorations offer the Defence Forces a unique opportunity to increase public understanding of our role in the defence and security of the State while also reinforcing our identity and heritage. Óglaigh na hÉireann are a key component of the State's security architecture and are part of the bedrock which underpins the State's sovereignty and sovereign rights, while contributing to the framework which facilitates a civil society.

Security is the bedrock on which a society's cultural, social and economic achievements are built and our hard-won peace and security is vital to allow the conditions in which both society and the economy can flourish. Our Peacekeeping efforts around the globe seek to provide that same security among peoples far less fortunate than ourselves.

The history of Óglaigh na hÉireann can be traced back to the formation of the Irish Volunteers in November 1913, with similarities in our uniform and insignia evident to this day. As a fundamental institution of the State with direct links to the Volunteers, an organisation which played such a prominent role in the 1916 Rising, we are honoured to have been invited by Government to play an unprecedented part across each strand of the State's centenary programme.

*'Ba iad Óglaigh na hÉireann na daoine, is iad Óglaigh na hÉireann na daoine agus is iad na daoine a bheidh in Óglaigh na hÉireann. Ní fhágann éide ghlasuaine gur lú de ghnéithe an duine atá ionainn. Is í an éide clóca na seirbhíse a dhéantar, maolaíonn sí an laige, treisíonn sí leis an neart'*

– AN GINEARÁL RISTEARD Ó MAOLCHATHA

Tugann an comóradh ar Éirí Amach 1916 deis faoi leith d'Óglaigh na hÉireann cur leis an tuiscint atá ag an bpobal ar an ról atá linn maidir le cosaint agus slándáil an Stáit an tráth céanna a dtreisítear le haitheantas agus le hoidhreacht na heagraíochta. Tá buntábhacht le hÓglaigh na hÉireann i gcórais slándála an Stáit agus tá na fórsaí cosanta ina gcuid den bhonn daingean a chuirtear faoi fhlaithiúnas an Stáit agus faoi na cearta ceannasachta, an tráth céanna a ndéantar rath maidir leis an gcreatchóras trína bhfeidhmíonn an tsochaí shibhialta.

Is í an tslándáil an bonn treise faoi dhul chun cinn na sochaí i gcúrsaí cultúir, sóisialta agus eacnamaíochta agus tá an tslándáil agus an tsíochain cinniúnach maidir leis an saol a bheith sa chaoi agus gur féidir leis an bpobal agus leis an eacnamaíocht a theacht faoi bhláth. Féachtar leis an dícheall síochánaíochta a dhéantar ar fud an domhain le cúrsaí slándála den chineál céanna sin a thabhairt i gcrích do dhaoine nach bhfuil oiread den ádh orthu agus atá orainn féin.

Is féidir stair Óglaigh na hÉireann a ríomh siar go dtí an tráth ar bunaíodh na Irish Volunteers i mí na Samhna 1913, agus is léir cosúlachtaí ó thaobh éide agus comharthaíochta anuas go dtí an lá atá inniu ann. Ó tháthar ar cheann d'fhorais bhunúsacha an Stáit agus ceangal díreach againn le heagraíocht a raibh páirt chomh tábhachtach aici in Éirí Amach 1916, is mór againn an cuireadh a thug an Rialtas dúinn páirt faoi leith a ghlacadh ar fud shnáithí uile chlár comórtha an Stáit.
Tá seacht snáithe le clár Chomóradh Chéad Bliain 1916,

The seven strands of the 2016 Centenary programme are State Ceremonial, Historical Reflection, The Living Language, Youth and Imagination, Cultural Expression, Community Participation and Global and Diaspora. The 9,200 Men and Women of Óglaigh na hÉireann will play a part in all strands, in accordance with Government policy, and on behalf of Ireland and the Irish people. The strands of State Ceremonial and Historical Reflection will see Defence Forces personnel playing prominent roles in over 40 State ceremonial events, together with Flag raising ceremonies in each of the 31 local authorities.

These solemn ceremonies will honour the men and women of 1916. Military Archives, as the custodians of the State's primary archival collections concerning the 1916 Rising continue to play a central role in the programme's second strand, Historical Reflection, by providing unprecedented access to primary source material for the revolutionary period and beyond.

The Flags to Schools initiative has been a huge success to date and our personnel have relished the opportunity to engage with young people around the Country; educating them on our National Flag and the significance of the Proclamation.

mar atá Searmanais Stáit, Machnamh ar an Stair, An Teanga Bheo, an Óige agus an tSamhlaíocht, Léiriú an Chultúir, Rannpháirtíocht an Phobail agus Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra. Beidh páirt ag an 9,200 fear agus bean atá in Óglaigh na hÉireann i ngach snáithe acu sin, ag teacht le polasaí an Rialtais agus thar ceann na hÉireann agus mhuintir na hÉireann. Beidh ról suntasach ag comhaltaí Óglaigh na hÉireann faoi na snáithí maidir le Searmanais Stáit agus Machnamh ar an Stair i líon is mó ná 40 searmanas Stáit chomh maith le searmanais ag a mbeidh an bhratach á hardú i ngach ceann de limistéir 31 údarás áitiúil.

Léireofar an t-ómós d'fhir agus do mhná 1916 leis na searmanais sollúnta seo. Tá ról leanúnach ag an gCartlann Mhíleata, ina gcaomhnaítear príomhbhailiúcháin an Stáit d'ábhar cartlainne faoi Éirí Amach 1916, maidir leis an dara snáithe, Machnamh ar an Stair, trí dheis seachas mar a bhí riamh cheana ar fáil a thabhairt ar bhunábhar faoi ré na réabhlóidíochta agus ó shin i leith.

Tá ag éirí go hiontach leis an tionscnamh maidir le Bratacha sna Scoileanna agus is rí-mhór leis na daoine de chuid Óglaigh na hÉireann an deis caidreamh a chothú le daoine óga ar fud na tíre; á gcur ar an eolas faoin mBratach Náisiúnta agus faoin suntas a ghabhann leis an bhForógra.

Go hinmheánach, beidh machnamh á dhéanamh ag

Internally, members of Óglaigh na hÉireann at home and overseas will be reflecting on what 1916 means for us as soldiers, sailors and aircrew, while a series of historical talks, tours and exhibitions will be hosted in barracks and installations around the country as part of our outreach with society. In the cultural arena, our Defence Forces School of Music will make a significant contribution to the programme of events, as will our Equitation School in its role of promoting Ireland and the Irish Horse.

The Centenary programme also provides an opportunity for the Defence Forces to recognise the important contribution that the Reserve Defence Force makes to Óglaigh na hÉireann, while also acknowledging the tremendous service of our Veterans.

It is a privilege and an honour for Óglaigh na hÉireann, as a key institution of democracy, to play a prominent role in the 1916 Commemorations. We look forward to making a significant contribution to the centenary programme while continuing to support peace and security at home and abroad through the operations of the Army, Naval Service and Air Corps on behalf of the people of Ireland.

Óglaigh na hÉireann, sa tír seo agus thar lear, ar a gciallaíonn 1916 dúinn inár saighdiúirí, mairnéalaigh agus eitleoirí dúinn, agus beidh sraith cainteanna, cuairteanna agus taispeántas stairiúil á gcur ar siúl i mbeairicí agus in ionaid eile ar fud na tíre mar chuid den chaidreamh leis an bpobal. Maidir le réimse an chultúir, beidh páirt shuntasach ag Scoil Cheoil Óglaigh na hÉireann le clár na n-imeachtaí, mar a bheidh ag an Scoil Eachaíochta i mbun Éire agus an Capall in Éirinn a chur chun cinn.

Tugann clár Chomóradh an Chéid deis d'Óglaigh na hÉireann freisin an cion tairbhe tábhachtach a dhéanann na hÓglaigh Cúltaca d'Óglaigh na hÉireann agus an fónamh iontach atá déanta ag na Seanóglaigh a thréaslú leo.

Tá de phribhléid agus d'onóir ag Óglaigh na hÉireann, foras buntábhachtach maidir leis an daonlathas sa tír, ról faoi leith a bheith againn sa Chomóradh ar 1916. Táthar ag tnúth le cion tairbhe den suntas a dhéanamh maidir le clár chomóradh an chéid an tráth céanna a gcuirtear bonn faoin tsíochain agus faoin tslándáil in Éirinn agus thar lear trí obair an Airm, na Seirbhíse Cabhlaigh agus an Aerchóir thar ceann mhuintir na hÉireann.



Mark Mellett
*Vice Admiral*
*Chief of Staff*
*Óglaigh na hÉireann*



Mark Mellett
*Leas Aimiréal*
*Ceann Foirne*
*Óglaigh na hÉireann*

Internally, members of Óglaigh na hÉireann at home and overseas will be reflecting on what 1916 means for us as soldiers, sailors and aircrew, while a series of historical talks, tours and exhibitions will be hosted in barracks and installations around the country as part of our outreach with society. In the cultural arena, our Defence Forces School of Music will make a significant contribution to the programme of events, as will our Equitation School in its role of promoting Ireland and the Irish Horse.

The Centenary programme also provides an opportunity for the Defence Forces to recognise the important contribution that the Reserve Defence Force makes to Óglaigh na hÉireann, while also acknowledging the tremendous service of our Veterans.

It is a privilege and an honour for Óglaigh na hÉireann, as a key institution of democracy, to play a prominent role in the 1916 Commemorations. We look forward to making a significant contribution to the centenary programme while continuing to support peace and security at home and abroad through the operations of the Army, Naval Service and Air Corps on behalf of the people of Ireland.

Óglaigh na hÉireann, sa tír seo agus thar lear, ar a gciallaíonn 1916 dúinn inár saighdiúirí, mairnéalaigh agus eitleoirí dúinn, agus beidh sraith cainteanna, cuairteanna agus taispeántas stairiúil á gcur ar siúl i mbeairicí agus in ionaid eile ar fud na tíre mar chuid den chaidreamh leis an bpobal. Maidir le réimse an chultúir, beidh páirt shuntasach ag Scoil Cheoil Óglaigh na hÉireann le clár na n-imeachtaí, mar a bheidh ag an Scoil Eachaíochta i mbun Éire agus an Capall in Éirinn a chur chun cinn.

Tugann clár Chomóradh an Chéid deis d'Óglaigh na hÉireann freisin an cion tairbhe tábhachtach a dhéanann na hÓglaigh Cúltaca d'Óglaigh na hÉireann agus an fónamh iontach atá déanta ag na Seanóglaigh a threaslú leo.

Tá de phribhléid agus d'onóir ag Óglaigh na hÉireann, foras buntábhachtach maidir leis an daonlathas sa tír, ról faoi leith a bheith againn sa Chomóradh ar 1916. Táthar ag tnúth le cion tairbhe den suntas a dhéanamh maidir le clár chomóradh an chéid an tráth céanna a gcuirtear bonn faoin tsíochain agus faoin tslándáil in Éirinn agus thar lear trí obair an Airm, na Seirbhíse Cabhlaigh agus an Aerchóir thar ceann mhuintir na hÉireann.



Mark Mellett
*Vice Admiral*
*Chief of Staff*
*Óglaigh na hÉireann*



Mark Mellett
*Leas Aimiréal*
*Ceann Foirne*
*Óglaigh na hÉireann*

## Introduction
## Réamhrá

Ireland 2016 envisages a comprehensive and inclusive year for the centenary of the 1916 Rising, with a wide-ranging programme spread across seven strands. In each one of these strands, Óglaigh na hÉireann will play its part. The soldiers, sailors and aircrew of our organisation are fully committed to supporting State and local authority ceremonial events, as well as hosting events within our military installations and our communities at home. Our personnel serving in fifteen different missions - in fourteen countries and on one sea – will also be involved in commemorating and celebrating the centenary of the Rising.

Tá bliain shoicheallach uilechuimsitheach i ndán le clár leathanréimseach seacht snáithe Éire 2016 do chomóradh céad bliain Éirí Amach 1916. Beidh páirt ag Óglaigh na hÉireann – na Fórsaí Cosanta – le himeachtaí i ngach snáithe acu sin. Tá saighdiúirí, mairnéalaigh agus aerchriúnna na heagraíochta lán dúthrachtach maidir le cuidiú le hócáidí searmanais Stáit agus údaráis áitiúil, chomh maith le hócáidí a eagrú agus a riar in ionaid mhíleata dár gcuid agus i measc an phobail in Éirinn. Beidh baint ag óglaigh atá i mbun seirbhíse ar cúig cinn déag de mhisin éagsúla – i gceithre thír déag agus ar muir – le comóradh agus ceiliúradh a dhéanamh ar chéad bliain an Éirí Amach freisin.

**'THE DEFENCE FORCES** – *whose history begins with the Irish Volunteers in 1913, are central to State Ceremonial events and to the Centenary Commemorations of 1916 generally. The Irish Volunteers led the 1916 Rising and later became the army of the new State. The Defence Forces have been a cornerstone of our democracy ever since, remaining at all times accountable to and under the control of and direction of the civil authorities.'*

**'OGLAIGH NA HÉIREANN** – *Tá baint lárnach ag Óglaigh na hÉireann – a ríomhtar a stair siar go dtí Óglaigh na hÉireann sa bhliain 1913, leis na Searmanais Stáit agus le Comóradh Chéad Bliain 1916 go ginearálta. Bhí Óglaigh na hÉireann chun tosaigh in Éirí Amach 1916 agus rinneadh arm an Stáit nua díobh tráth ab fhaide anall. Tá Óglaigh na hÉireann mar a bheadh bonn faoin daonlathas sa tír ó shin, freagrach go seasta síoraí do na húdaráis shibhialta agus faoi smacht agus rialú na n-údarás sin.'*

IRELAND 2016 STATE CENTENARY PROGRAMME, PAGE 16

ÉIRE 2016 CLÁR AN STÁIT DON CHOMÓRADH CÉAD BLIAIN, LEATHANACH 16



## FF Badge
## Suaitheantas FF

The crest of Oglaigh na hÉireann, common to all three services - the Army, Navy and Air Corps - was first designed by Professor Eoin MacNeill and the executive of Óglaigh na Éireann. The 'FF' in seanchló (old Irish script) stands for 'Fianna Fáil' and is a reference to the legendary Fianna from Gaelic mythology, said to be the first army of Ireland.

An tOllamh Eoin Mac Néill, Feidhmeannach Óglaigh na hÉireann a dhear suaitheantas Óglaigh na hÉireann ar dtús i 1913 agus atá in úsáid ó shin ag Óglaigh na hÉireann. Is é suaitheantas an Airm, na Cabhlaigh agus an Aerchóir é. Is do 'Fianna Fáil' a sheasann 'FF' atá sa seanchló Gaelach, ag tagairt do na Fianna i miotaseolaíocht na hÉireann, an chéad arm ag Éirinn a deirtear.



## FF Button
## Cnaipe Óglaigh na hÉireann

Those uniformed Irish Volunteers who fought in uniform in 1916 wore buttons with the insignia IV for 'Irish Volunteers' and a Gaelic harp. The harp later became the Seal of the Irish State and appears to this day on all official State records. The same IV buttons feature on uniforms of our military personnel today, both in the Permanent and Reserve forces

An chuid sin d'Óglaigh na hÉireann a throid in éide airm sa bhliain 1916, bhí cnaipí á gcaitheamh acu ar a raibh d'ionchomharthaí IV, ag seasamh do 'Irish Volunteers', agus cláirseach na hÉireann. Tráth ab fhaide anonn, ceapadh an chláirseach mar Shéala ag an Stát agus tá sin anuas go dtí an lá atá inniu ann ar gach taifead oifigiúil de chuid an Stáit. Tá na cnaipí IV céanna ar éide gach ball míleata d'Óglaigh na hÉireann sa lá atá inniu ann, ar éide na mBuanóglach agus ar éide na nÓglach Cúltaca.




# Medals
# Boinn

An Bonn 1916 (The 1916 Medal) was first issued to veterans in 1941 on the 25th anniversary of the 1916 Rising. A commemorative medal known as An Bonn Marthanóirt (the 1916 Survivors Medal) was issued on the 50th anniversary of the Rising, in 1966. Military Archives holds the medal files of all of those who were awarded medals in respect of their 1916 service – these files will be made available to the public for the first time in April 2016.

Sa bhliain 1941, 25 bliain tar éis Éirí Amach 1916, a bronnadh An Bonn 1916 ar dtús ar dhaoine a rinne seirbhís san Éirí Amach. Eisíodh bonn comórtha ar a dtugtar Bonn na Marthanóirí 50 bliain tar éis an Éirí Amach sa bhliain 1966. Tá na comhaid ar fad a bhaineann le boinn a bhronnadh ar dhaoine i ndáil lena gcuid seirbhíse sa bhliain 1916 ar coimeád sa Chartlann Mhíleata – beidh na comhaid sin á gcur ar fáil don phobal den chéad uair i mí Aibreán 2016.



Captain Liam Tannam, 1916 Veteran, wearing his 1916 and War of Independence medals c. 1940



ROINN COSANTA.

BUREAU OF MILITARY HISTORY, 1913-21.

STATEMENT BY WITNESS

DOCUMENT NO. W.S. 242

Witness

Mr. Liam Tannam,
29 Garville Ave.,
Rathgar, Dublin.

Identity

Captain 'E' Company 3rd Battalion Dublin Brigade;

Member of I.R.B.

Witness statement of Captain Liam Tannam describing his role in the G.P.O. during the 1916 Rising

## The Seven Programme Strands
## Seacht Snáithe an Chláir

### State and Local Ceremonial
Searmanais Stáit agus Áitiúla

### Historical Reflection
Machnamh ar an Stair

### The Living Language
An Teanga Bheo

### Youth and Imagination
An Óige agus an tSamhlaíocht

### Cultural Expression
Léiriú Cultúrtha

### Community Participation
Rannpháirtíocht Phobail

### Global and Diaspora
Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra

THE IRELAND 2016 CENTENARY PROGRAMME is built on Seven Programme Strands which, taken together, reflect the themes of Remembering, Reconciling, Presenting, Imagining and Celebrating. The programme will continue to grow and develop over the coming months. To see the updated programme, other county programmes and the national programme for 2016, please visit www.ireland.ie

TÁ ÉIRE 2016: CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN bunaithe ar Sheacht Snaithe an Chláir, agus nuair a thógtar iad sin i dteannta a chéile, léiríonn siad na téamaí Cuimhneamh, Athmhuintearas, Cur i Láthair, Samhlú agus Ceiliúradh. Leanfar ar aghaidh le fás agus forbairt na gclár sna míonna amach romhainn. Leis an gclár nuashonraithe a fheiceáil, chomh maith le cláir chontaetha eile agus an clár náisiúnta le haghaidh 2016, téigh chuig www.ireland.ie

Formal commemorative events, focused on remembering and honouring those who took part in the Easter Rising, and especially those who gave their lives.

Beidh imeachtaí foirmiúla comórtha ann a bheidh dírithe ar na daoine a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca, go háirithe iad siúd a thug a mbeatha lena linn, a thabhairt chun cuimhne agus a onórú.

A range of history-based activities and initiatives, designed to deepen and broaden our understanding of the events of 1916 and that pivotal period in our history.

Beidh réimse gníomhaíochtaí agus tionscnamh staire ann a cheapfar chun ár dtuiscint ar imeachtaí 1916 agus an tréimhse ríthábhachtach sin inár stair a dhoimhniú agus a leathnú.

Reflecting on the central place of the Irish language in the ideals of the Revolutionary Generation and celebrating the language through a diverse programme of events.

Cuirfear clár ilghnéitheach imeachtaí ar siúl mar léiriú ar áit lárnach na Gaeilge in idéil na glúine réabhlóidí agus chun an teanga a cheiliúradh.

Placing children and young people at the centre of the Ireland 2016 Centenary Programme and integrating historical exploration with a range of imaginative activities.

Cuirfear leanaí agus daoine óga i gcroílár Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain agus déanfar iniúchadh ar cheisteanna staire a chomhtháthú le réimse gníomhaíochtaí samhlaíocha.

Working with our creative community and arts organisations to reflect on our past, our present and our future, with a focus on 1916.

Oibriú lenár bpobal cruthaitheach agus eagraíochtaí ealaíon chun machnamh a dhéanamh ar an am atá thart in Éirinn, ar an saol atá ann faoi láthair agus ar a bhfuil i ndán dúinn amach anseo, agus béim faoi leith ar chuimhneachán 1916.

Encouraging widespread citizen engagement in 1916 related events, involving the broadest possible community and voluntary sector participation in towns and villages throughout the country.

Saoránaigh a spreagadh le páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhainfidh le 1916, sa chaoi is go mbeidh an rannpháirtíocht is mó is féidir ag na hearnálacha deonacha agus pobail i mbailte agus i sráidbhailte ar fud na tíre.

Inviting the global Irish family and friends of Ireland from all over the world to join us in remembering, reflecting and re-imagining.

Cuireadh a thabhairt do chlanna Gael ó gach cearn den domhan agus do chairde na hÉireann a bheith linn agus muid ag cuimhneamh, ag déanamh machnaimh agus ag athshamhlú.

# 1 State Ceremonial
# Searmanais Stáit

Óglaigh na Éireann will play a major role in supporting State Ceremonial events across the country during 2016, at both State and local authority level. While the major ceremonies will take place in the capital and at other 1916 action sites such as Enniscorthy and Ashbourne, our personnel will support Flag Raising ceremonies in every county in the Republic, across all 31 local authorities. Military Ceremonial has been a feature of State events ever since our Independence in 1922, ensuring that our National Commemorations, Presidential Inaugurations and State Visits are conducted with the dignity and solemnity that they deserve.

Beidh ról mórthabhachtach ag Óglaigh na Éireann maidir le Searmanais Stáit ar fud na tíre i rith na bliana 2016 ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na n-údarás áitiúil. Cé go mbeidh na searmanais is mó ar bun sa phríomhchathair agus ar láithreacha eile inar tharla eachtraí i rith an Éirí Amach, mar shampla in Inis Córthaidh agus i gCill Dhéagláin, beidh daoine de chuid Óglaigh na hÉireann ag cuidiú le searmanais i ngach contae sa Phoblacht, ar fud na 31 údarás áitiúil ar fad, ag a mbeidh an Bhratach á hArdú. Tá Searmanas Míleata ina ghné d'ócaidí Stáit ó baineadh an tSaoirse amach sa bhliain 1922, rud a chinntíonn go mbíonn an mhaorgacht agus an tsollúntacht chuí ag baint le gach Comóradh Náisiúnta, Insealbhú Uachtaráin agus Cuairt Stáit.



Queen Elizabeth II of the United Kingdom reviews a Guard of Honour at Áras an Uachtaran, May 2012

*Tugann an Bhanríon Elizabeth II na Ríochta Aontaithe léirbhreithniú ar Gharda Onóra ag Áras an Uachtaráin, Bealtaine 2012.*



U.S. President John Fitzgerald Kennedy reviews Officer Cadets at the Arboaur Hill 1916 memorial, June 1963
*Tugann Uachtarán na Stát Aontaithe John Fitzgerald Kennedy leirbhreithniú ar Dhaltaí Oifigigh ag leacht cuimhneacháin 1916 i gCnoc an Arbhair, Meitheamh 1963.*

**IN 2016, ÓGLAIGH NA HÉIREANN WILL PROVIDE:**
**I RITH NA BLIANA 2016, BEIDH BAINT AG ÓGLAIGH NA HÉIREANN LE:**

# 55

individual State ceremonial tasks
beart faoi leith maidir le searmanais Stáit

# 34

Local Authority Ceremonial Events
Ócaid Searmanais de chuid na nÚdarás Áitiúil

State ceremonial tasks will include 8 Guards of Honour, 32 wreath laying ceremonies and a major Military Parade on Easter Sunday. Other State Ceremonial events will be held in 2016, such as a ceremony to highlight the role that women played in the 1916 Rising, an event for the relatives of those who participated in the 1916 Rising and the opening of the new Military Archives building in Cathal Brugha Barracks.

The 2016 Easter Parade will be the ceremonial highlight of the year and will represent the most significant State ceremonial event for decades. With the combined resources of the Army, Naval Service and Air Corps, approximately 3,000 personnel will be involved, including support personnel. The 2016 parade will feature a special focus on Ireland's long-standing commitment to United Nations mandated Peace Support Operations since 1958, and will feature a display of heritage vehicles from the Congo mission (c. 1960), the Lebanon (c.1990) and the present day, where troops bound for service in Lebanon in 2016 will march past the GPO.

The parade will also feature a contingent of retired personnel from the Irish United Nations Veterans Association and the Organisation of National Ex-servicemen and women, bearing the national flags of every country where Irish personnel have served since 1958. At present, Óglaigh na hÉireann has troops contributing to United Nations Peace Support Operations in fifteen different countries around the world, as well as with the humanitarian and security operation being carried out by Naval personnel in the Mediterranean Sea.

Óglaigh na hÉireann will also participate in ceremonial events, at the request of each Local Authority, in 2016. A total of 34 Local Authority events have been planned, these will include Flag raising ceremonies and Proclamation readings in every county in the Republic.

I measc na mbeart maidir le searmanais Stáit, beidh 8 gcinn de Ghardaí Onóra, 32 searmanas State maidir le fleasc a leagan agus Paráid Mhíleata ar Dhomhnach Cásca. Beidh Searmanais Stáit eile ar siúl i rith na bliana 2016, mar shampla an searmanas chun aird a dhíriú ar an ról a bhí ag mná in Éirí Amach 1916, ócáid do ghaolta daoine a raibh páirt acu in Éirí Amach 1916 agus an searmanas chun áras nua na Cartlainne Míleata i nDún Chathail Bhrugha a oscailt.

Is í Paráid na Cásca an buaicphointe maidir le searmanais na bliana 2016 agus beidh sin ar an searmanas Stáit is suntasaí le blianta fada. Beidh baint ag tuairim is 3,000 duine as líon iomlán an Airm, na Seirbhíse Cabhlaigh agus an Aerchóir, leis an searmanas sin, baill foirne taca san áireamh. Beidh béim faoi leith i bparáid na bliana2016 ar dhúthracht fhadleanúnach na hÉireann maidir le hOibríochtaí Tacaíochta Síochána faoi shainordú na Náisiún Aontaithe ón mbliain 1958 i leith agus beidh feithiclí oidhreachta á gcur ar taispeáint a bhí in úsáid le linn mhisean an Chongó (c. 1960), sa Liobáin (c.1990) agus atá in úsáid sa lá atá inniu ann, nuair a mháirseálann trúpaí atá ar tí dul i mbun seirbhíse sa tSiria/Arda Golan i rith na bliana 2016 thar Ard-Oifig an Phoist.

Beidh meitheal d'fhir agus de mhná atá imithe ar scor sa pharáid freisin a bhaineann le Cumann Sheansaighdiúirí Éireannacha na Náisiún Aontaithe agus le hEagraíocht Náisiúnta na nIarshaighdiúirí, agus na bratacha náisiúnta á n-iompar acu a bhaineann le gach tír ina ndearna fir agus mná de chuid na hÉireann seirbhís ón mbliain 1958 i leith. San am i láthair, tá trúpaí ag Óglaigh na hÉireann ag cuidiú le hOibríochtaí Tacaíochta Síochána de chuid na Náisiún Aontaithe i gcúig cinn déag de thíortha ar fud an domhain, chomh maith leis an oibríocht daonchairdis agus slándála atá ar bun ag daoine de chuid na Seirbhíse Cabhlaigh ar an Meánmhuir.

Beidh Óglaigh na hÉireann páirteach freisin in ócáidí searmanais i rith na bliana 2016 ar iarratas ó gach Údarás Áitiúil. Tá 34 ócáid de chuid na nÚdarás Áitiúil leagtha amach a n-áirítear leo searmanais i ngach contae de chuid na Poblachta ag a mbeidh an Bhratach á hardú agus an Forógra á léamh.

# 2 Historical Reflection
# Machnamh ar an Stair

Óglaigh na hÉireann has always been proud of its heritage and traces its origins back to the formation of the Irish Volunteers in November 1913.

Throughout this centenary year of 2016, Óglaigh na hÉireann will hold exhibitions, talks, seminars and events exploring the 1916 Rising and its significance for the organisation and for our country. These initiatives will be led by our key heritage installations – Military Archives and the various Defence Forces museums – but messes and open days will also provide a focus on 1916.

Is ábhar mórtais d'Óglaigh na hÉireann oidhreacht na heagraíochta riamh anall agus ríomhtar an stair siar go dtí bunú Óglaigh na hÉireann i mí na Samhna 1913.

I rith bhliain an chéid, 2016, beidh taispeántais, cainteanna, seimineáir agus ócáidí eile trína ndéantar scrúdú ar Éirí Amach 1916 agus an tábhacht a bhí leis don eagraíocht agus don tír. Beidh na hionaid oidhreachta – an Chartlann Mhíleata agus iarsmalanna éagsúla Óglaigh na hÉireann – chun tosaigh maidir leis na tionscnaimh seo, ach beidh béim á chur freisin ag na bialanna agus ag laethanta oscailte ar 1916.



Parade at College Green for Republic of Ireland celebrations, 1949





Air Corps Museum and Heritage Project, Casement Aerodrome, Baldonnel

# Defence Forces Headquarters: Military Archives, Cathal Brugha Barracks

# Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann: An Chartlann Mhíleata, Dún Chathail Bhrugha

Military Archives, located in Rathmines, Dublin, holds the most significant collections of archival material relating to the 1916 Rising anywhere in the world. Formally established in 1987, Military Archives is the place of deposit for archival records of Óglaigh na hÉireann, the Department of Defence and the Army Pensions Board, under the terms of the National Archives Act, 1986.

The Archive holds some 65,000 linear feet of records, including over 1,000 private collections from families and individuals. Two major collections of crucial importance to our understanding of 1916 are the Bureau of Military History (BMH) Collection and the Military Service Pensions Collection (MSPC).

In 2016, Military Archives will continue to make available material from the BMH. Already, Military Archives has digitised some 36,000 pages of witness statements, many including original testimony from participants in 1916. These statements are available to all online and are fully word searchable. Further digitisation of the BMH contemporary documents series will continue to enrich our understanding of this period.



Map of Enniscorthy during Easter 1916 from the MSPC

Tá na bailiúcháin is suntasaí ar fud an domhain ar fad d'ábhar cartlannaíochta maidir le hÉirí Amach 1916 ar coimeád sa Chartlann Mhíleata atá suite i Ráth Maoinis, Baile Átha Cliath agus a cuireadh ar bun go foirmeálta sa bhliain 1987. Is í an Chartlann Mhíleata an t-ionad taisce, faoi théarmaí an Achta um Chartlann Náisiúnta 1986, do thaifid cartlannaíochta Óglaigh na hÉireann, na Roinne Cosanta agus Bhord na nArm-Phinsean.

Tá 65,000 troigh líneach de thaifid ar coimeád sa Chartlann, ina measc níos mó ná 1,000 bailiúchán príobháideach ó theaghlaigh agus ó dhaoine aonair. Is bailiúcháin mhórthábhachta maidir leis an tuiscint ar imeachtaí na bliana 1916 Bailiúchán Bhiúró na Staire Míleata (BMH) agus Bailiúchán na bPinsean Seirbhíse Míleata.

Leanfaidh an Chartlann Mhíleata i rith na bliana 2016 d'ábhar as bailiúchán Bhiúró na Staire Míleata a chur ar fáil. Tá digitiú déanta cheana féin ag an gCartlann Mhíleata ar 36,000 leathanach de ráitis ó fhinnéithe, cuid mhór acu a bhfuil fianaise iontu ó dhaoine a bhí páirteach in eachtraí na bliana 1916. Tá na ráitis sin ar fáil ag cách ar an idirlíon agus is féidir cuardach a dhéanamh orthu de réir an fhocail. Coinneofar ag cur le fiúntas an ábhair maidir le tuiscint a ghnóthú ar an tréimhse seo trí dhigitiú ar ábhar breise as sraith na gcáipéisí comhaimseartha.

The Military Service Pensions Collection (MSPC) represents the last major tranche of previously unseen State records relating to the 1916 Rising. Since 2008, a team of professional archivists have been working in Military Archives to release the material from the MSPC as it relates to the 1916 Rising, including the entire files of nearly 2,600 people who were directly involved in 1916 and received a pension from the State for their service. In 2016, Military Archives will release further unseen material including the medal files relating to 1916 and a wealth of associated material such as brigade activity reports and a finding aid for nominal rolls of the revolutionary organisations.

Is é Bailiúchán na bPinsean Seirbhíse Míleata (MSPC) an mhór-réimse deireanach de thaifid Stáit a bhí as amharc go dtí seo a bhaineann le hÉirí Amach 1916. Ón mbliain 2008 i leith, tá meitheal gairmiúil cartlannaíochta ag obair sa Chartlann Mhíleata d'fhonn ábhar as an mbailiúchán a bhaineann le Éirí Amach 1916 a fhoilsiú, na comhaid iomlána san áireamh a bhaineann le beagnach 2,600 duine a raibh baint go díreach acu le heachtraí na bliana 1916 agus a fuair pinsean ón Stát mar gheall ar a gcuid seirbhíse. I rith na bliana 2016, beidh ábhar eile nach bhfacthas go dtí seo á fhoilsiú ag an gCartlann Mhíleata, na comhaid maidir le boinn a bhaineann leis an mbliain 1916 san áireamh chomh maith le hábhar flúirseach eile, mar shampla tuairiscí ar bheartaíocht bhriogaidí agus deis aimsithe maidir le rollaí ainmneacha na n-eagraíochtaí reabhlóidíochta.



Rare photograph taken inside the GPO during Easter week 1916, showing Irish Volunteers and a member of the Irish Citizen Army. This photograph forms part of the Bureau of Military History Collection in Military Archives.

*Grianghraf suntasach a tógadh taobh istigh d' Ard-Oifig an Phoist i rith Sheachtain na Casca 1916 ina bhfeictear daoine d'Óglaigh na hÉireann agus aon duine amháin d'Arm Cathartha na hÉireann. Tá an grianghraf seo ar coimead i mBailiúchán Bhiúró na Staire Míleata sa Chartlann Mhíleat*

## Defence Forces Review

Each year, the *Defence Forces* Review academic journal serves to showcase the intellectual capacity of Óglaigh na hÉireann, underlining the high value that the organisation places on training and education and the very significant links that exist between the Defence Forces and academic institutions nationwide.

For 2016, there will be a special edition of the Defence Forces Review published, as well as an academic conference in Dublin Castle in October 2016, encompassing an overarching theme of "The Emergence of Modern Ireland 1912 - 2016". The conference will consider this theme under a wide variety of headings including political, military, cultural, economic and social factors.

Léirítear éirim intleachta Óglaigh na hÉireann gach bliain ar an iris acadúil, Defence Forces Review, rud a léiríonn go soiléir an bhéim atá ag an eagraíocht ar oiliúint agus ar an oideachas agus an ceangal dlúth atá idir Óglaigh na hÉireann agus forais acadúla ar fud na tíre.

Foilseofar eagrán speisialta den Defence Forces Review i rith na bliana 2016 agus eagrófar comhdháil acadúil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Deireadh Fómhair 2016 ar an mórthéama "The Emergence of Modern Ireland 1912 - 2016". Beidh an téama sin á phlé ag an gcomhdháil faoi cheannteidil éagsúla, gnóthaí polaitíochta, cúrsaí míleata, cúrsaí cultúir, gnóthaí eacnamaíochta agus tosca sóisialta





# Centenary activities across Óglaigh na hÉireann, the Defence Forces, in 2016
# Bearta i rith na bliana 2016 maidir le Comóradh an Chéid ar fud Óglaigh na hÉireann

Across each of the territorial brigades and formations and in each service – Army, Air Corps and Naval Service – Óglaigh na hÉireann will be reflecting on the significance of the 1916 Rising and on the hundred years that have passed since, engaging strongly with the community aspect of Ireland 2016.

Beidh machnamh á dhéanamh ag Óglaigh na hÉireann ar fud na mbriogáidí agus na n-eagar dúichí ar fad agus i ngach seirbhís – an tArm, an tAerchór agus an tSeirbhís Chabhlaigh – ar an suntas atá le hÉirí Amach 1916 agus ar an gcéad bliain atá caite ó shin agus beidh caidreamh dlúth ar bun le pobal na hÉireann sa bhliain 2016.

## 1st Brigade
## An Chéad Bhriogáid

| | | |
|---|---|---|
| 28.01.16<br>Collins Barracks, Cork<br>Dún Uí Choileáin, Corcaigh | **Collins Barracks Museum 1916 Commemoration Exhibition**<br>A newly refurbished and specially designed exhibition will open in Collins Barracks Museum, consisting of storyboards and artefacts detailing the history of the 1916 Rebellion around Cork City and beyond. Exhibition to open 28th Jan 2016, specific visits and events related to the exhibition TBC. | **Taispeántas Comórtha Iarsmalann Dhún Uí Choileáin 1916**<br>Cuirfear taispeántas nuachóirithe saindeartha ar bun in Iarsmalann Dhún Uí Choileáin lena mbaineann scéalchláir agus déantúsáin trína ríomhtar stair Éirí Amach 1916 thart ar Chathair Chorcaí agus níos faide ó bhaile. Osclófar an taispeántas an 28 Eanáir 2016, cuairteanna faoi leith agus imeachtaí ceangailte leis an taispeántas le deimhniú. |
| 25.02.16<br>City Hall, Cork<br>Halla na Cathrach, Corcaigh | **Defence Forces Massed Bands in Concert, in Aid of the Army Benevolent Fund**<br>An annual event, the Defence Forces Massed Bands Concert will have a 1916 theme this year, with music from the period and guest soprano Majella Cullagh. | **Ceolchoirm Ollbhannaí Óglaigh na hÉireann ar son Chiste Daonchairdis an Airm**<br>Ócáid bhliantúil Ceolchoirm Ollbhannaí Óglaigh na hÉireann a mbeidh 1916 mar théama léi i mbliana, le ceol de chuid na linne sin agus an t-amhránaí soprán Majella Cullagh ina haoi-amhránaí. |

| | | |
|---|---|---|
| 31.03.16<br>Collins Barracks Officers' Mess<br>Bialann na nOifigeach,<br>Dún Uí Choileáin | **Officers' Mess 1916 Night**<br>A night in the Officers' Mess Collins Barracks incorporating a presentation to the mess, and guest speakers. | **Oíche 1916 Bhialann na nOifigeach**<br>Oíche i mBialann na nOifigeach, Dún Uí Choileáin lena mbaineann cur i láthair do lucht na bialainne agus aoi-chainteoirí. |
| 09.05.16<br>Collins Barracks, Cork<br>Dún Uí Choileáin, Corcaigh | **Thomas Kent Commemoration and Open Day**<br>In conjunction with the state commemoration taking place for the centenary of the execution of Thomas Kent in Cork, Collins Barracks will hold a Barrack Open Day and an internal ceremonial commemoration in remembrance. Also incorporated into this event, and in keeping with Defence Forces policy of engaging positively with the community, will be a military trip to the theatre to view the opening night of a theatrical production on the life of Thomas Kent running in the Everyman Palace Theatre. | **Comóradh Thomáis Ceannt agus Lá Oscailte.**I gcomhar leis an gcomóradh stáit a bheidh ar siúl i gCorcaigh céad bliain tar éis Tomás Ceannt a chur chun báis, beidh Lá Oscailte ar siúl i nDún Uí Choileáin chomh maith le searmanas comórtha inmheánach ina chuimhne. Mar chuid den ócáid seo, agus ag teacht le polasaí Óglaigh na hÉireann caidreamh tairbheach a chothú leis an bpobal, beidh cuairt lucht airm á tabhairt ar an amharclann go bhfeicfear an oíche oscailte de léiriú amharclannaíochta ar shaol Thomáis Ceannt a bheidh ar siúl san Everyman Palace Theatre. |
| 31.03.16<br>Collins Barracks<br>Dún Uí Choileáin, Corcaigh | **NCO's Mess 1916 Night**<br>**Pte's Mess 1916 Night**<br>Incorporating a similar format to the Officer's Mess Night with a presentation and guest speakers. | **Oíche 1916 Bhialann na nONC Oíche 1916 Bhialann na Saighdiúirí**<br>Formáid den chineál céanna le hOíche Bhialann na nOifigeach le cur i láthair agus aoi-chainteoirí. |
| 17.03.16<br>Dún Uí Mhaoilíosa, Galway<br>Dún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh | **Annual St Patrick's Day Ceremony**<br>A major event in the Galway Festival Calendar and the official opening of the St Patrick's Day Festival in the city, the event will be enhanced this year by a 1916 Exhibition in the Barrack Museum and guest speakers on the history of the Rebellion. | **Searmanas Bliantúil Lá Fhéile Pádraig**<br>Tá de nós seanbhunaithe gur as Dún an tSairséalaigh a thosaítear amach ar pharáid na cathrach. Comóradh ar Éirí Amach 1916 atá de théama leis an mórshiúl i mbliana. Beidh ócáid ar siúl sa Bheairic ag an 12ú Cathlán Coisithe do chomhaltaí Chomhairle Cathrach Luimnigh agus do chomhaltaí Chomhairle Chontae Luimnigh. |
| 03.16 & 04.16<br>Dún Uí Mhaoilíosa, Galway<br>Dún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh | **Renmore Historical Society Talks**<br>Renmore Historical Society will give a series of talks within the barracks on the history of 1916. | **Cainteanna Chumann Staire na Rinne Móire**<br>Tabharfar sraith cainteanna sa bheairic faoi choimirce Chumann Staire na Rinne Móire ar stair 1916. |
| SUMMER 2016<br>SAMHRADH 2016<br>Dún Uí Mhaoilíosa Museum, Galway<br>Iarsmalann Dhún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh | **Museum Open Days**<br>In conjunction with Galway City Museum, a number of open days will be held in the Barrack Museum throughout the centenary year. | **Laethanta Oscailte san Iarsmalann**<br>I gcomhar le hIarsmalann Chathair na Gaillimhe, eagrófar roinnt laethanta oscailte in Iarsmalann Dhún Uí Mhaoilíosa i rith bhliain an chéid. |

| | | |
|---|---|---|
| 17.03.17<br>Sarsfield Barracks, Limerick<br>Dún an tSairséalaigh, Luimneach | **St Patrick's Day Commemoration**<br>The city parade traditionally begins in Sarsfield Barracks. The theme of the parade this year is commemoration of the 1916 Rebellion. 12th Infantry Battalion will host a function in Barracks for members of Limerick City and County Council. | **Comóradh Lá Fhéile Pádraig**<br>Tá de nós seanbhunaithe gur as Dún an tSairséalaigh a thosaítear amach ar pharáid na cathrach. Comóradh ar Éirí Amach 1916 atá de théama leis an mórshiúl i mbliana. Beidh ócáid ar siúl sa Bheairic ag an 12ú Cathlán Coisithe do chomhaltaí Chomhairle Cathrach Luimnigh agus do chomhaltaí Chomhairle Chontae Luimnigh. |
| 24.04.16<br>Sarsfield Barracks, Limerick<br>Dún an tSairséalaigh, Luimneach | **12th Infantry Bn Parade**<br>A unit parade held to commemorate the Centenary. | **Paráid an 12ú Cathlán Coisithe**<br>Paráid de chuid an aonaid arna heagrú chun comóradh a dhéanamh ar an Iubhaile Céad Bliain. |
| 05.16<br>Sarsfield Barracks, Limerick<br>Dún an tSairséalaigh, Luimneach | **Sarsfield Barracks Schools Open Day**<br>A Barrack Open Day for schools in the Unit area of operations will be held with a 1916 Theme. | **Lá Oscailte Dhún an tSairséalaigh do Scoileanna**<br>Eagrófar Lá Oscailte ag an mBeairic do scoileanna i gceantar feidhme an Aonaid le Téama maidir le 1916. |
| 08.16<br>Sarsfield Barracks, Limerick<br>Dún an tSairséalaigh, Luimneach | **Sarsfield Barracks Unit Open Day**<br>A Barrack Open Day for all serving and ex-members and their families will be held, with a 1916 Theme. | **Lá Oscailte Aonad Dhún an tSairséalaigh**<br>Eagrófar Lá Oscailte ag an mBeairic, le Téama maidir le 1916, do gach comhalta reatha agus iarchomhalta agus dá gcuid teaghlaigh. |
| 09.16 – 12.16<br>Sarsfield Barracks Officer's Mess, Limerick<br>Bialann na nOifigeach, Dún an tSairséalaigh, Luimneach | **Guest Speaker**<br>A Guest Speaker will be invited to the Officer's Mess, Sarsfield Barracks, to speak to 12th Infantry Bn Officers on the history of the 1916 Rebellion. | **Aoi-chainteoir**<br>Tabharfar cuireadh d'Aoi-chainteoir teacht go dtí Bialann na nOifigeach, Dún an tSairséalaigh, chun labhairt ar stair Éirí Amach 1916 le hOifigigh de chuid an 12ú Cathlán Coisithe. |
| 10.16<br>Sarsfield Barracks NCO's and Pte's Mess, Limerick<br>Bialann na nONC agus na Saighdiúirí, Dún an tSairséalaigh, Luimneach | **Guest Speaker**<br>A Guest Speaker will be invited to the NCO's and Pte's Mess, Sarsfield Barracks, to speak to 12 Bn personnel on the history of the 1916 Rebellion. | **Aoi-chainteoir**<br>Tabharfar cuireadh d'Aoi-chainteoir teacht go dtí Bialann na nONC agus na Saighdiúirí, Dún an tSairséalaigh, chun labhairt ar stair Éirí Amach 1916 le lucht an 12ú Cathlán Coisithe. |

| | | |
|---|---|---|
| 17.03.16<br>Stephens Barracks, Kilkenny<br>Dún Mhic Stiofáin,<br>Cill Chainnigh | **Annual St Patrick's Day/ Kilkenny Tradfest Ceremony**<br>As part of Kilkenny Tradfest and Kilkenny's St Patrick's Day festivities, 3rd Infantry Bn will provide the Bn mascot, Fionn the wolfhound, as Parade Grand Marshall and will hold a special opening of the Barrack Museum, with tours of Stephens Barracks in Commemoration of 1916. | **Searmanas Bliantúil Lá Fhéile Pádraig/ Fhéile Traidisiúnta Chill Chainnigh.**<br>Mar chuid d'Fhéile Thraidisiúnta Chill Chainnigh agus imeachtaí na Féile Pádraig i gCill Chainnigh, cuirfidh an 3ú Cathlán Coisithe Fionn, an cú faoil agus sonóg an Chathláin ar fáil mar Ard-Mharascal ar an bparáid agus déanfar Iarsmalann na Beairice a oscailt go speisialta le cuairteanna ar Dhún Mhic Stiofáin mar Chomóradh ar Éirí Amach 1916. |
| SUMMER 16<br>SAMHRADH 2016<br>Stephens Barracks, Kilkenny<br>Dún Mhic Stiofáin,<br>Cill Chainnigh | **Stephen's Barracks Museum Open Days**<br>Stephens Barracks will conduct a number of Museum Open Days in Barracks in conjunction with Kilkenny City Council and local schools in 3rd Infantry Bn AO. | **Laethanta Oscailte Iarsmalann Dhún Mhic Stiofáin**<br>Rithfear roinnt Laethanta Oscailte in Iarsmalann Dhún Mhic Stiofáin i gcomhar le Comhairle Cathrach Chill Chainnigh agus scoileanna áitiúla i gCeantar Feidhme an 3ú Cathlán Coisithe. |
| THROUGHOUT 2016<br>I RITH 2016<br>All Barracks in 1 Bde<br>Gach Beairic sa<br>Chéad Bhriogáid | **Monthly Friday Club**<br>In keeping with the Defence Forces policy of engaging with our retired members, each mess in 1 Bde will conduct 1916 focused activities including, but not limited to lectures, guest speakers and exhibitions for both serving and retired members. | **Club Míosúil na hAoine**<br>Ag teacht le polasaí Óglaigh na hÉireann caidreamh a chothú le comhaltaí atá imithe ar scor beidh imeachtaí dírithe ar 1916, léachtaí, aoi-chainteoirí, taispeántais agus eile, ar siúl i ngach Bialann de chuid an Chéad Bhriogáid don chomhalta reatha agus don chomhalta atá imithe ar scor. |

# 2nd Brigade
# An Dara Briogáid

| | | |
|---|---|---|
| 10.01.16<br>Cathal Brugha Barracks, Dublin<br>Dún Chathail Bhrugha, Baile Átha Cliath | **Barrack Visit**<br>At the request of the Defence Forces Press Office, documentary film maker Fionn Mac Giolla Chuda will visit Barracks to record historical locations in the Barracks | **Cuairt ar an mBeairic**<br>Ar iarratas ó Phreasoifig Óglaigh na hÉireann, tabharfaidh Fionn Mac Giolla Chuda, fear scannán faisnéise, cuairt ar an mBeairic d'fhonn taifeadadh scannánaíochta a dhéanamh ar ionaid stairiúla taobh istigh den Bheairic. |
| 11.01.16<br>Cathal Brugha Barracks, Dublin<br>Dún Chathail Bhrugha, Baile Átha Cliath | **Visitor Centre Guided Tour**<br>60 academics, diplomats and members of the general public who attend a Royal Irish Academy Seminar in Bks will be given a tour of the Visitor Centre with a focus on the role of the Barracks in 1916. | **Ionad na gCuairteoirí Cuairt faoi Threoir**<br>Eagrófar cuairt ar Ionad na gCuairteoirí, ag díriú ar ról na Beairice sa bhliain 1916, do 60 duine, lucht léinn, lucht taidhleoireachta agus gnáthdhaoine den phobal, a bheidh ag freastal ar Sheimineár de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann sa Bheairic. |
| 19.01.16<br>Cathal Brugha Barracks, Dublin<br>Dún Chathail Bhrugha, Baile Átha Cliath | **Barrack Visit**<br>Visit to Barracks by artist Fergus Byrne to research the execution of Francis Sheehy Skeffington in 1916 | **Cuairt ar an mBeairic**<br>Cuairt an ealaíontóra Fergus Byrne ar an mbeairic maidir le taighde a dhéanamh faoi bhású Francis Sheehy Skeffington sa bhliain 1916 |
| 20.01.16<br>Cathal Brugha Barracks, Dublin<br>Dún Chathail Bhrugha, Baile Átha Cliath | **Guided Tour**<br>Guided Tour for local historian Mr Anthony Reilly with a focus on the execution of Francis Sheehy Skeffington in 1916 | **Cuairt faoi Threoir**<br>Cuairt faoi Threoir don staraí áitiúil Anthony Reilly le béim ar bhású Francis Sheehy Skeffington sa bhliain 1916 |
| 20.02.16<br>Cathal Brugha Barracks, Dublin<br>Dún Chathail Bhrugha, Baile Átha Cliath | **Officers' Mess Book Launch**<br>Book launch by local Rathmines Group on the role of Rathmines residents in the 1916 period | **Bialann na nOifigeach Seoladh Leabhair**<br>Seoladh leabhair arna eagrú ag Grúpa áitiúil as Ráth Maonis maidir le leabhar faoi ról dhaoine as Ráth Maonis in eachtraí thart ar 1916 |
| 19.03.16<br>Cathal Brugha Barracks, Dublin<br>Dún Chathail Bhrugha, Baile Átha Cliath | **Guided Tour**<br>2 Infantry Battalion Association Tour of the Visitor Centre which will focus on the role of the Barracks in 1916. | **Cuairt faoi Threoir**<br>Cuairt Chumann an Dara Cathlán Coisithe ar Ionad na gCuairteoirí le béim ar ról na Beairice i rith eachtraí na bliana 1916. |

| Date / Location | Event | Imeacht |
|---|---|---|
| 24.03.16<br>Cathal Brugha Barracks, Dublin<br>Dún Chathail Bhrugha, Baile Átha Cliath | **Officers. Mess Historical Lecture Series**<br>Lecture Series hosted by GOC 2 Bde to mark events revolving about the Decade of Commemorations. | **Bialann na nOifigeach Sraith Léachtaí Staire**<br>Sraith Léachtaí arna eagrú ag Ginearáloifigeach i gCeannas an Dara Briogáid mar cheiliúradh ar imeachtaí a bhaineann le Deich mBliana an Chomórtha. |
| 24.03.16<br>Cathal Brugha Barracks, Dublin<br>Dún Chathail Bhrugha, Baile Átha Cliath | **NCOS Mess 1916 Lecture**<br>A lecture on the 1916 Rising for Mess Members is in planning phase by the Mess Committee | **Bialann na nONC Léacht 1916**<br>Tá pleanáil á dhéanamh ag Coiste na Bialainne ar Léacht faoi Éirí Amach 1916 do Chomhaltaí na Bialainne |
| 26.04.16<br>Cathal Brugha Barracks, Dublin<br>Dún Chathail Bhrugha, Baile Átha Cliath | **Opening of Military Archives**<br>Official Opening of Military Archives building by President Higgins. This building programme was one of the Government's Key Infrastructure Projects for 2016. | **Oscailt na Cartlainne Míleata**<br>Áras na Cartlainne Míleata á oscailt go hoifigiúil ag an Uachtarán Higgins. Bhí an obair thógála ar an áras seo ar cheann de Thionscadail Bonneagair Mórthábhachta an Rialtais maidir leis an mbliain 2016. |
| 05.16<br>Cathal Brugha Barracks, Dublin<br>Dún Chathail Bhrugha, Baile Átha Cliath | **Walking Tour**<br>Personnel serving in the barracks will be invited to participate in a walking tour of 1916 action sites. | **Siúlóid**<br>Tabharfar cuireadh don lucht Pearsanra ar seirbhís sa bheairic dul ar thuras siúlóide thart ar láithreacha inar tharla eachtraí i rith na bliana 1916 |
| 06.16<br>Cathal Brugha Barracks, Dublin<br>Dún Chathail Bhrugha, Baile Átha Cliath | **Kilmanham Tour**<br>Personnel serving in the barracks will be invited to participate in a tour of Kilmanham Gaol. | **Cuairt Chill Mhaighneann**<br>Tabharfar cuireadh don lucht Pearsanra ar seirbhís sa bheairic dul ar cuairt go Príosún Chill Mhaighneann |
| 22.08.16<br>Cathal Brugha Barracks, Dublin<br>Dún Chathail Bhrugha, Baile Átha Cliath | **Michael Collins Memorial**<br>Annual Michael Collins Memorial | **Cuimhneachán Mhichíl Uí Choileáin**<br>Cuimhneachán Bliantúil Mhichíl Uí Choileáin |
| 16.09.16<br>Cathal Brugha Barracks, Dublin<br>Dún Chathail Bhrugha, Baile Átha Cliath | **Culture Night**<br>The garrison of Cathal Brugha Bks will open the Barracks to the public to highlight the role of the location during the 1916 Rising | **Oíche Cultúir**<br>Beidh Dún Chathail Bhrugha ar oscailt go poiblí ag an ngarastún d'fhonn aird an phobail a tharraingt ar an ról a bhí leis an mBeairic i rith Éirí Amach 1916 |

| | | |
|---|---|---|
| 02.16<br>Finner Camp<br>Campa Fionnabhair | **Ireland 1800 onwards**<br>Introduction to the development of the three strands to nationalism (violence,culture,politics) | **Éire ó 1800 anall**<br>Buneolas faoi theacht chun cinn na trí snáithe a bhaineann leis an náisiúnachas (foréigean, cultúr, polaitíocht) |
| 03.16<br>Finner Camp<br>Campa Fionnabhair | **Key Actors in Ireland 1900 onwards**<br>Introduction to the various groupings that dominated the political landscape | **Pearsaí Mórthábhachta in Éirinn ó 1900 anall**<br>Buneolas faoi na dreamanna éagsúla a bhí chun tosaigh i gcúrsaí polaitíochta |
| 03.16<br>NCO's Mess Finner Camp<br>Bialann na nONC,<br>Campa Fionnabhair | **National Leaders from the local area**<br>Introduction to Sean MacDiarmada and Countess Markievicz (In conjunction with Donegal/Sligo/ Leitrim Historical Societies) | **Ceannairí Náisiúnta ón gceantar áitiúil**<br>Buneolas ar Shean Mac Diarmada agus ar an gCuntaois Markievicz (I gcomhar le Cumainn Stairiúla i nDún na nGall, Sligeach agus Liatroim) |
| 03.16<br>Finner Camp<br>Campa Fionnabhair | **Easter Week**<br>Events of Easter Sunday 1916 (Special programme for 28 Inf Bn guard of honour | **Seachtain na Cásca**<br>Eachtraí Dhomhnach Cásca 1916 (Clár Speisialta do gharda onóra an 28 Cathlán Coisithe |
| 04.16<br>Finner Camp<br>Campa Fionnabhair | **Local Involvement in the Rising**<br>Events of the Rising both in Dublin and country-wide. | **An bhaint a bhí ag daoine ón gceantar leis an Éirí Amach**<br>Buneolas ar dhaoine as Dún na nGall, Sligeach agus Liatroim a bhí páirteach san Éirí Amach (I gcomhar le Cumainn StairiúlainDún na nGall, Sligeach agus Liatroim) |
| 04.16<br>Finner Camp<br>Campa Fionnabhair | **Easter Week**<br>Events of the Rising both in Dublin and country-wide. | **Seachtain na Cásca**<br>Eachtraí an Éirí Amach i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre. |
| 04.16<br>Officer's Mess Finner Camp<br>Bialann na nOifigeach,<br>Campa Fionnabhair | **Ethical and Global Perspective in relation to the Easter Rising**<br>Poses the question of the ethical nature of the Rising ( Engaging with external lecturers) | **Cúrsaí Eitice agus Cúrsaí an Domhain de réir mar a bhaineann le hÉirí Amach na Cásca**<br>Cuirtear ceisteanna maidir le cúrsaí eitice agus an tÉirí Amach (Caidreamh le leachtóirí seachtracha). |
| 06.05.16<br>Officer's Mess Finner Camp<br>Bialann na nOifigeach,<br>Campa Fionnabhair | **Mess Dinner**<br>CO's Dinner to mark the Centenary commemorations | **Dinnéar Bialainne**<br>Dinnéar an OigC mar cheiliúradh ar chomóradh an Chéid |
| 06.16<br>Finner Camp<br>Campa Fionnabhair | **1916 - A Bloody Year**<br>The Battle of the Somme (In collaboration with Inniskillen Fusiliers Association) | **1916 - Bliain Fhuilteach**<br>Cath an Somme (I gcomhar le Cumann Fiúsailéirí Inis Ceithleann) |
| 06.16<br>Finner Camp<br>Campa Fionnabhair | **Implications for Ireland – 1916 onwards**<br>Shaping and transforming of the Independence movement | **A raibh i ndán d'Éirinn – ó 1916 anall**<br>Múnlú agus Claochlú ar ghluaiseacht na Saoirse |

| | | |
|---|---|---|
| 02.16<br>Aiken Bks<br>Dun Mhic Aogain | **'Handover of Aiken Bks to Free State Forces'**<br>To commemorate the handing over of Aiken Bks to Free State Forces, 27th Infantry Bn troops will 'march in' to Aiken Bks. | **'Dun Mhic Aogain a Thabhairt ar Laimh d'Fhórsai an tSaorstait'**<br>D'fhonn comoradh a dheanamh ar Dhun Mhic Aogain a thabhairt ar laimh d'Fhórsai an tSaorstait, deanfaidh trupaí an 27u Cathlan Coisithe 'mairseail isteach' go Dun Mhic Aogain. |
| 02.16<br>Aiken Bks/Slane<br>Dun Mhic Aogain/Baile Shlaine | **'Commemoration of the call up of Dundalk Volunteers'**<br>Members of Aiken Bks will take part in a commemorative cycle from Dundalk, to Collon, to Slane, to Castlebellingham and back to Dundalk, in conjunction with DKIT and local community groups. (TBC) | **'Comoradh ar Shlogadh Oglaigh Dhun Dealgan'**<br>Beidh daoine as Dun Mhic Aogain pairteach i dturas rothaíochta as Dun Dealgan, go Collann, go Baile Shlaine, go Baile an Ghearlanaigh agus ar ais go Dun Dealgan, i gcomhar le hInstitiuid Teicneolaíochta Dhun Dealgan agus grupaí pobail aitiula. (Le deimhniu) |
| 17.03.16<br>Aiken Bks, NCO's Mess<br>Dun Mhic Aogain, Bialann na nONC | **'Presentation and Blessing of Shamrock'**<br>Presentation and blessing of shamrock for unit members on St Patrick's Day. Local dignitaries will be invited. This will be followed by finger food and Irish Coffees in the NCO's Mess, and will include a talk on the history of Aiken Bks to formally mark the beginning of the 2016 commemorations. | **'Beannu agus Bronnadh na Seamroige'**<br>Beannu agus bronnadh na seamroige ar chomhaltaí an aonaid ar La Fheile Padraig. Beidh cuireadh ag daoine uaisle an cheantair freisin. Beidh sólaistí agus Caife Gaelach ar fail i mBialann na nONC ina dhiaidh agus tabharfar caint ar stair Dhun Mhic Aogain chun tus foirmealta a chur le comoradh 2016. |
| 20.08.16<br>Boyne Valley<br>Gleann na Boinne | **'Battlefield Tour- Battle of the Boyne'**<br>27th Infantry Bn will host a tour of the Battle of the Boyne site. This will include questions and answers and group discussion. This will take place in the second half of August . | **'Turas Phairc an Air - Cath na Boinne'**<br>Eagroidh an 27u Cathlan Coisithe cuairt ar lathair Chath na Boinne. Beidh seisiún ceisteanna agus freagraí agus ple grupa mar chuid de seo. I rith an dara leath de mhí Lunasa a bheidh se ar siul. |
| 09.16<br>Aiken Bks<br>Dun Mhic Aogain | **Aiken Bks 'Cultural Night'**<br>The Aiken Bks 'Cultural Night'will include a Barrack tour, capability display and a visit to the Museum. This will be followed by a lecture given by a guest lecturer from DKIT and a finger food/drinks reception. A plaque will be unveiled to commemorate the 1916 centenary and a booklet detailing the history of Aiken Bks will be formally published. | **Dun Mhic Aogain 'Oíche Cultuir'**<br>Mar chuid den 'Oíche Cultuir' i nDun Mhic Aogain tabharfar cuairt na beairice, taispeantas cumais agus cuairt na hIarsmalainne. Tabharfaidh aoi-leachtoir as Institiuid Teicneolaíochta Dhun Dealgan leacht ina dhiaidh sin agus beidh failtiu ar siul le sólaistí/deochanna. Nochtfar plaic comortha maidir le cead bliain 1916 agus foilseofar go foirmealta leabhran ina dtugtar mionchuntas ar stair Dhun Mhic Aogain. |

| | | |
|---|---|---|
| 12.01.16<br>Officers Mess, Custume Bks<br>Bialann na nOifigeach, Dún Chostúim | **Easter Dawn-Talk delivered by historian Turtle Bunbury**<br>Author of 'Easter Dawn' to deliver a talk on the various personalities of different backgrounds involved on both sides of the Rebellion. | **Easter Dawn - Caint leis an staraí Turtle Bunbury**<br>Tabharfaidh údar Easter Dawn caint faoi na pearsaí éagsúla, agus an éagsúlacht a bhain leo maidir lena mianach, a raibh baint acu leis an Éirí Amach ar an dá thaobh. |
| 28.02.16<br>Athlone Castle<br>Caisleán Bhaile Átha Luain | **Flag Raising**<br>Commemorate Takeover of Custume Bks in 1922 | **Ardú na Brataí**<br>Comóradh ar Dhún Chostúim a ghabhail ar láimh sa bhliain 1922 |
| 04.04.16<br>Custume Bks<br>Dún Chostúim | **RDF - Museum Tour**<br>Historical brief for all interested RDF members to attend | **Na hÓglaigh Cúltaca - Cuairt Iarsmalainn**<br>Treoirtheagasc staire do dhaoine de na hÓglaigh Cúltaca ar suim leo a theacht i láthair |
| 26.05.16<br>Athlone Castle/Custume Bks<br>Caisleán Bhaile Átha Luain/ Dún Chostúim | **Battlefield Tour**<br>Siege of Athlone Walking Tour to include lecture in Custume Barracks followed by visit to positions of interest, key battle landmarks and final overview from Castle tower. | **Cuairt ar Láthair Catha**<br>Léigear Bhaile Átha Luain Siúlóid lena mbainfidh léacht i nDún Chostúim agus cuairt ina dhiaidh sin ar ionaid spéisiúla, láithreacha tábhachtacha le linn an chatha agus léargas i ndeireadh báire ó thúr an Chaisleáin. |
| 14.07.16<br>Aughrim Battle Site<br>Láthair Chath Eachroma | **Battlefield Tour**<br>Battle of Aughrim to include visit to battle site, walking tour, description of main events and lunch. | **Cuairt ar Láthair Catha**<br>Cath Eachroma lena mbainfidh cuairt ar láthair an chatha, turas siúlóide, cuntas ar na príomheachtraí agus lón. |
| 14.07.16<br>Custume Bks<br>Dún Chostúim | **Battle of Jadotville Lecture Series**<br>Members of Custume Bks | **Sraith Léachtaí faoi Chath Jadotville**<br>Daoine as Dún Chostúim |
| 07.05.16<br>Custume Bks<br>Dún Chostúim | **Commemorative Parade**<br>Commemorative Parade in Athlone Town Centre under command of Custume Barracks CO | **Paráid Chomórtha**<br>Paráid Chomórtha i lár Bhaile Átha Luain faoi cheannas OigC Dhún Chostúim |
| 21.06.16<br>Custume Bks<br>Dún Chostúim | **1916 in a Local Context**<br>This Barrack tour will be followed by a 60 min presentation in the Auditorium of Custume Bks on the 1916 Rising including its significance to Athlone by local historians Ian Kennelly & Lt. Neil Richardson (RDF) | **1916 agus an Comhthéacs Áitiúil**<br>Beidh cur i láthair 60 nóiméad faoi Éirí Amach 1916 agus an suntas a bhí leis do Bhaile Átha Luain i halla éisteachta Dhún Chostúim tar éis na cuairte seo ar an mBeairic. Na staraithe áitiúla Ian Kennelly & an Lt. Neil Richardson (na hÓglaigh Cúltaca) a dhéanfaidh an cur i láthair. |

| | | |
|---|---|---|
| 02.08.16<br>Custume Bks<br>Dún Chostúim | **RDF - Museum Tour**<br>Historical brief for all interested RDF members to attend | **Na hÓglaigh Cúltaca - Cuairt Iarsmalainne**<br>Treoirtheagasc staire do dhaoine de na hÓglaigh Cúltaca ar suim leo a theacht i láthair |
| 11.09.16<br>Custume Bks<br>Dún Chostúim | **Barrack Open Day Walking Tours**<br>**Lecture Series Museum**<br>To coincide with Athlone River Festival being ran from 9th-11th September | **Lá Oscailte sa Bheairic Turais**<br>**Siúlóide Sraitheanna Léachtaí**<br>**Iarsmalann**<br>An tráth céanna a mbíonn Féile Abhann Bhaile Átha Luain ar siúl idir an 9-11 Meán Fómhair |
| 15.09.16<br>Custume Bks<br>Dún Chostúim | **Barrack Open Day Walking Tours**<br>**Lecture Series Museum**<br>Followed by Presentation by Old Athlone Society | **Stair Leasaithe a Sheoladh**<br>**Cuairt Dhún Chostúim**<br>An tráth céanna a mbíonn Féile Abhann Bhaile Átha Luain ar siúl idir an 9-11 Meán Fómhair |
| 16.09.16<br>Athlone Castle<br>Caisleán Bhaile Átha Luain | **Band Recital-Capt John Carpenter**<br>Culture Night | **Ceolchoirm an Bhanna - An Capt John Carpenter**<br>Oíche Cultúir |
| 1/8/15/22/29.09.16<br>Custume Bks<br>Dún Chostúim | **Historical Lecture Series**<br>Series of Lectures by Old Athlone Society | **Sraith Léachtaí Staire**<br>Sraith Léachtaí de chuid an Old Athlone Society |

## Defence Forces Training Centre, Curragh Camp, Co. Kildare
## Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann, Campa an Churraigh, Co. Chill Dara

| | | |
|---|---|---|
| 10/16/23.02.16 – 08.03.16<br>Dublin City<br>Cathair Bhaile Atha Cliath | **1916 Walking Tour**<br>A guided tour of the 1916 sites. | **Turas Siulóide 1916**<br>Turas faoi threoir thimpeall laithreacha a bhaineann le heachtraí 1916. |
| 24.04.16<br>Curragh Camp<br>Campa an Churraigh | **DFTC Open Day**<br>GOC DFTC will host an open day themed Oglaigh na hÉireann through the ages. | **Lá Oscailte ATOE**<br>Déanfaidh GOigC ATOE lá oscailte a eagrú faoin téama Oglaigh na hEireann ó thús anall. |
| TBC<br>LE DEIMHNIU<br>Curragh Camp<br>Campa an Churraigh | **Flag Hoisting**<br>GOC DFTC will raise a flag in front of the Water Tower and unveil seven granite columns to commemorate the seven signatories of the Proclamation (each of the seven barracks in the Curragh is named after a 1916 Proclamation signatory). | **Ardú Brataí**<br>Déanfaidh GOigC ATOE brat a ardú os comhair an Tuir Uisce agus seacht gcolún déanta as cloch eibhir a nochtadh mar chomóradh ar an seachtar a shínigh an Forógra (tá gach ceann den seacht bheairic ar an gCurrach ainmnithe in onóir do dhuine a shínigh Forógra na bliana 1916). |
| 09.16<br>Curragh Camp<br>Campa an Churraigh | **1916 'Mastermind'**<br>An Inter-Unit Quiz where members of Units will nominate personnel to compete in a 1916 Themed Quiz on their chosen topic. | **Tráth na gCeist 1916**<br>Tráth na gCeist idir na hAonaid éagsúla ag a n-ainmneoidh gach Aonad daoine a rachaidh san iomaíocht thar a gceann maidir le sainábhar faoi leith i dTráth na gCeist ar Théama 1916. |
| TBC<br>LE DEIMHNIU<br>Curragh Camp<br>Campa an Churraigh | **1916 Art Exhibition**<br>A local artist will hold a 1916 themed art exhibition in the Curragh Military Museum. The exhibition will culminate with a presentation of portraits of the seven signatories being presented by the artist to GOC DFTC and displayed thereafter in the associated barracks. | **Taispeántas Ealaíne 1916**<br>Beidh taispeántas ealaíne ar théama 1916 ar siúl ag ealaíontóir ón áit in Iarsmalann Míleata an Churraigh. Ar theacht an taispeántais chun deiridh, bronnfaidh an t-ealaíontóir seacht gcinn de phortráidí díobh siúd a shínigh an Forógra ar GOigC ATOE agus beidh siad sin ar taispeáint ón tráth sin amach sna beairicí cuí. |

| | | |
|---|---|---|
| COMPLETION AUTUMN '16<br>LE CRÍOCH I BHFÓMHAR 2016<br>Curragh Camp<br>Campa an Churraigh | **Ordnance School**<br>Restoration of the old Army Apprentice School Gates (Devoy Barracks) in conjunction with Kildare County Council. The gates will be restored and mounted in Kildare Co Council Naas to commemorate both 1916 and John Devoy. | **An Scoil Ordanáis**<br>Athchóiriú ar sheangheataí Scoil Phrintíseach an Airm (Dún Uí Dhubhuí) i gcomhar le Comhairle Chontae Chill Dara. Déanfar na geataí a chóiriú agus a chrochadh in áras na Comhairle Contae sa Nás mar chomóradh ar 1916 agus ar Sheán Ó Dubhuí araon. |
| 06.16<br>Glasnevin Cemetry and surrounding areas<br>Reilig Ghlas Naíon agus an ceantar máguaird | **1916 Battle Tour**<br>Poses the question of the ethical nature of the Rising ( Engaging with external lecturers) | **Turas ar Láthair Catha 1916**<br>Tabharfaidh lucht foirne na Scoile Marcra turas Reilig Ghlas Naíon agus ionaid eile sa cheantar a bhfuil suntas leo maidir leis an Éirí Amach. |
| 05.16<br>Clarke Barracks<br>Dún Uí Chléirigh | **Transport Gp Veterans and Retired Personnel Open Day**<br>The TPT GP Veterans and Retired Personnel Open Day will involve as many retired unit personnel as possible and all serving personnel of the Unit in a showcase of the unit's current and historical roles, capability and equipment. | **Lá Oscailte do Sheansaighdiúirí agus do phearsanra ar scor ón nGrúpa Iompair.** Beidh oiread agus is féidir de dhaoine atá imithe ar scor ón aonad agus iomlán an phearsanra atá ar seirbhís leis an aonad páirteach sa Lá Oscailte do Sheansaighdiúirí agus do phearsanra ar scor ón nGrúpa Iompair i dtaispeántas maidir leis an ról a bhíodh leis an aonad san am a caitheadh agus an ról atá leis sa lá atá inniu ann, chomh maith leis an trealamh agus an cumas dá réir sin. |
| 14.06.16<br>Plunkett Barracks<br>Dún Phluincéid | **Joseph Plunkett Memorial Day**<br>1 armoured car squadron will host a unit family/open day in memory of Joseph Plunkett.<br>Events will include:<br>• Talk from Emmanuel Destenay (Exeter University) on Irish Soldiers of WW1 thatjoined the IRB.<br>• Presentation on Joseph Plunkett by 1 ACS Jnr Offr.<br>• Veh/Wpns display. | **Imeacht Searmanais Luíochán Mhainistir na Móna**<br>Cuirfidh an 1 scuadrún carranna armúrtha lá oscailte/lá do theaghlaigh ar siúl i gcuimhne ar Sheosamh Pluincéad.<br>Ar na himeachtaí a bheidh i gceist, beidh:<br>• Caint le Emmanuel Destenay (Exeter University) faoi Shaighdiúirí as Éirinn a throid sa Chéad Chogadh Domhanda agus a bhí i mBráithreachas na Poblachta.<br>• Presentation on Joseph Plunkett by 1 ACS Jnr Offr.<br>• Veh/Wpns display. |

# Naval Service, Haulbowline, Cork
# An tSeirbhís Chabhlaigh, Inis Sionnach, Corcaigh

| | | |
|---|---|---|
| 10/16/23.02.16 – 08.03.16<br>Naval Base Haulbowline<br>An Bhunait Chabhlaigh, Inis Sionnach | **70th Anniversary of NS**<br>Commemorative event | **Iubhaile 70 Bliain na Seirbhíse Cabhlaigh**<br>Ocáid Chomórtha |
| 11.02.16<br>Officers Mess, Naval Base<br>Bialann na nOifigeach, An Bhunait Chabhlaigh | **1916 Centenary Dinner**<br>Mess Dinner to commemorate the 100 year anniversary of the 1916 rising. | **Dinnéar Chomóradh Céad Bliain 1916**<br>Dinnéar Bialainne chun ceiliúradh a dhéanamh ar 100 bliain Éirí Amach 1916 |
| 06.03.16<br>Waterford City<br>Cathair Phort Láirge | **1848 National Flag Ceremony**<br>To commemorate the occasion when the National Flag was first raised by Thomas Francis Meagher in 1848 | **Searmanas Bhratach Náisiúnta na bliana 1848**<br>Comóradh ar an uair a d'ardaigh Tomás Ó Meachair an Bhratach Náisiúnta den chéad uair sa bhliain 1848 |
| 09.16<br>East Coast, Dublin Bay<br>An Cósta Thoir, Cuan Bhaile Átha Cliath | **FLEX 2016**<br>An Inter-Unit Quiz where members of Units will nominate personnel to compete in a 1916 Themed Quiz on their chosen topic. | **FLEX 2016**<br>Tabharfaidh Freachnaimh Cabhlaigh a bheidh ar bun ar Chuan Bhaile Átha Cliath deis do dhaoine den phobal an Cabhlach a fheiceáil ar muir. |
| TBC<br>LE DEIMHNIU<br>Alongside Dublin<br>Le céibh, Baile Átha Cliath | **As part of "1916 Commemorations"**<br>Ships will be open to the public and will host historical talks and State Functions whilst alongside. | **Mar chuid de "Chomóradh 1916"**<br>Beidh cead ar bord loinge ag daoine den phobal agus beidh cainteanna staire agus Ócáidí Stáit ar siúl orthu agus iad le céibh. |
| TBC<br>LE DEIMHNIU<br>National Maritime College of Ireland<br>Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann | **"Maritime aspects of the 1916 Rising"**<br>Historical Seminar | **"Maritime aspects of the 1916 Rising"**<br>Seimineár Staire |
| TBC<br>LE DEIMHNIU<br>Cork Harbour<br>Cuan Chorcaí | **Commemoration event to remember the sinking of the "Aud"**<br>Commemoration Event | **Ócáid chomórtha i gcuimhne ar an "Aud" a dhul faoi uisce**<br>Ócáid Chomórtha |

## Air Corps, Casement Aerodrome, Baldonnel, Dublin
## An tAerchór, Aeradróm Mhic Easmuinn, Baile Dhónaill, Baile Átha Cliath

| | | |
|---|---|---|
| 19/23.02.16 & 08.03.16<br>Dublin City<br>Cathair Bhaile Átha Cliath | **1916 Education Walking Tours**<br>Resident Historian Airman Michael Whelan MA will provide a number of day long educational tours in the Dublin area over the coming months. | **Siúlóidí Oideachasúla 1916**<br>Cuirfidh an Staraí Cónaitheach, an tEitleoir Michael Whelan, MA, roinnt turais oideachasúla lae ar siúl i gceantar Bhaile Átha Cliath go ceann roinnt míonna. |
| 04.16<br>Casement Aerodrome<br>Aeradróm Mhic Easmuinn | **1916 & Military Aviation**<br>The Ulster Aviation Society will present a talk on aviation in Ireland during 1916 and the surrounding era | **1916 & Eitleoireacht Mhíleata**<br>Cuirfidh Cumann Eitleoireachta Chúige Uladh caint ar an eitleoireacht in Éirinn i rith na bliana 1916 agus na mblianta beaga roimhe agus ina dhiaidh sin i láthair. |
| 03/04.16<br>Casement Aerodrome<br>Aeradróm Mhic Easmuinn | **Military History Seminar**<br>Resident Historian Airman Michael Whelan, MA will provide a number of day long military history seminars including the events surrounding 1916 | **Seiminear Staire Míleata**<br>Cuirfidh an Staraí Cónaitheach, an tEitleoir Michael Whelan, MA, roinnt seimineáir lae ar fáil faoin stair mhíleata, eachtraí anuas go dtí 1916 san áireamh agus ó shin anall arís |
| 03.08.16<br>Casement Aerodrome<br>Aeradróm Mhic Easmuinn | **Sir Roger Casement**<br>Informative Lecture in relation to the life of Roger Casement | **Ruairí Mac Easmuinn**<br>Léacht Lán Eolais faoi shaol Ruairí Mhic Easmuinn |





# The Defence Forces Dive Group
# Meitheal Tumadóireachta Óglaigh na hÉireann

The Defence Forces Dive Group will conduct two commemorative dives, one each on the wrecks of the Aud and the Helga (renamed the Muirchú as the first patrol vessel of the Naval Service).

The Dive on the wreck of the Aud will take place on the 20th of April to coincide with the date in which it was scuttled by its Captain, Karl Spindler, after it was intercepted by the Royal Navy following an unsuccessful attempt to land arms and ammunition for the 1916 Rising prior to Easter week, 1916, in Fenit Harbour. The Aud lies at the entrance to Cork Harbour. It is in poor condition with only the boiler being intact. However, parts of the wreck including rounds of ammunition are scattered on the sea bed.


Eagroidh Meitheal Tumadóireachta Óglaigh na hÉireann dhá bheart tumadóireachta comórtha, ceann amháin ar an mbád báite an Aud agus an dara ceann ar an mbád báite an Helga (a athainmníodh faoin ainm Muirchú, an chéad soitheach patróil de chuid na Seirbhíse Cabhlaigh).

Déanfar an tumadh ar an Aud an 20 Aibreán, cothrom an lae ar chuir an Captaein Karl Spindler go tóin í tar éis do Chabhlach na Breataine a theacht roimpi nuair a chinn uirthi airm agus lón cogaidh d'Éirí Amach 1916 a chur i dtír i gCuan na Fianaite roimh sheachtain na Cásca. Tá an Aud tite i mbéal Chuan Chorcaí. Tá an bád i ndroch-chaoi faoin tráth seo, mór tháinig slán ach an choire. Ina ainneoin sin, tá iarsmaí, urchair san áireamh, scaipthe ar ghrinneall na farraige.

Déanfar an dara tumadh ar an Helga an 27 Aibreán, cothrom cheann de na laethanta a raibh an Helga ag tabhairt tuairgneála ar chathair Bhaile Átha Cliath. Tá an Helga (Muirchú) tite 19km Siar ó Dheas ó Cheann an Chairn i gContae Loch Garman. Tá an bád seo freisin i ndroch-chaoi.

The second dive will take place on the Helga on the 27th of April which coincides with one of the days that the Helga was shelling the city of Dublin. The Helga (Muirchú) lies 19km South West of Carnsore Point in Wexford. Unfortunately, the wreck is also in a poor state. This is a unique opportunity to commemorate the 1916 Rising at sea. Divers will be able to experience, first-hand, the wrecks of the Aud – the vessel that some would say was a significant factor in Eoin MacNeill's countermanding order to cancel the Rising on Easter Sunday. Divers will also see the wreck of the Helga - the vessel which shelled Dublin from the River Liffey and although caused limited destruction it played a significant role in the psychological battle of the Rising. Dives will be subject to weather and relevant permits.

Is deis faoi leith é seo comóradh a dhéanamh ar muir ar Éirí Amach na bliana 1916. Beidh ar chumas tumadóirí eolas a chur ar na báid bhaite, ar an Aud – an soitheach a ndéarfadh daoine áirithe go raibh baint shuntasach aici leis an ordú cealaithe ó Eoin Mac Néill ar Dhomhnach Cásca, agus an Helga - an soitheach a thug tuairgneáil ar Bhaile Átha Cliath den Life agus cé nach ndearnadh ach damáiste áirithe, bhí baint mhór aige le cúrsaí síceolaíochta i rith an Éirí Amach. Beidh an tumadóireacht ag brath ar an aimsir agus ar na ceadanna cuí.



HMY Helga / Muirchú

# 3 An Teanga Bheo
# The Living Language

The Irish language has always played a key role in the life of Óglaigh na hÉireann and 2016 will see a special focus through Irish on the 1916 Rising. Throughout the centenary year, participants and spectators at some 90 State and County ceremonial events will witness the men and women of Óglaigh na hÉireann carrying out all drill orders exclusively As Gaeilge, in keeping with our long held traditions.

An Chéad Cathlán Coisithe, the 1st Infantry battalion in Galway, traditionally recruits from Gaeltacht areas and will play a full role in commemorating the Rising in Galway and at national level in State Ceremonial events.

During 2016 Óglaigh na hÉireann will continue to provide Irish language training and education to personnel interested in the language and to those who are responsible for delivering services through Irish as required. In support of this policy, An Comhairle Gaeilge will run the annual Campa Gaeilge, which is open to all ranks, and held in Dún Uí Mhaoilíosa,

Tá buntábhacht riamh anall leis an nGaeilge i saol Óglaigh na hÉireann agus beidh béim faoi leith i rith na bliana 2016 ar Éirí Amach 1916 trí Ghaeilge. I rith bhliain an chéid, cloisfidh na daoine atá páirteach iontu agus an lucht féachana ag 90 searmanas Stáit agus Contae fir agus mná Óglaigh na hÉireann ag déanamh de réir orduithe druileála as Gaeilge amháin, faoi mar atá ina nós seanbhunaithe le fada againn.

De réir nóis, déanann an Chéad Cathlán Coisithe i nGaillimh earcaíocht as ceantair Ghaeltachta agus beidh ról iomlán ag an gCathlán sin i gcomóradh an Éirí Amach i nGaillimh agus ag imeachtaí Searmanais Stáit ar an leibhéal náisiúnta.

Leanfaidh Óglaigh na hÉireann i rith na bliana 2016 de chúrsaí oiliúna agus oideachais sa Ghaeilge a chur ar fáil don lucht foirne a bhfuil suim acu sa teanga agus dóibh siúd a leagtar de fhreagracht orthu seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge de réir mar a iarrtar sin. Mar ghné amháin den pholasaí sin, rithfidh an Chomhairle Gaeilge an Campa Gaeilge, a bhíonn ar bun gach bliain



Galway in May 2016. 2016 will include a special focus on the importance of the language to the 1916 Rising and the significance of the Gaelic revival. Emphasis will be placed on the association that Connemara and other Gaeltacht areas had with personnel involved in the 1916 Rising.

During 2016 Óglaigh na hÉireann will also organise an Irish language seminar to showcase services and developments in the Irish language to personnel of Óglaigh na hÉireann. Agencies that provide services in the Irish Language will be invited to attend and present at the seminar. For 2016, an emphasis will also be placed on the historical and cultural aspects to the Irish Language and how they pertain to Óglaigh na hÉireann and the 1916 Rising.

agus ar féidir le daoine de gach grád freastal air, i nDún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh i rith mí Bealtaine 2016. Leagfar béim speisialta i rith na bliana 2016 ar an tábhacht a bhí leis an nGaeilge maidir le hÉirí Amach 1916 agus ar an suntas a bhí le hathbheochan na Gaeilge. Léireofar an ceangal a bhí ag daoine a bhí páirteach in Éirí Amach na Cásca le Conamara agus le ceantair eile Gaeltachta.

Eagróidh Óglaigh na hÉireann seimineár Gaeilge freisin i rith na bliana 2016 d'fhonn aird lucht foirne Óglaigh na hÉireann a tharraingt ar na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge agus ar chora nua i leith na teanga. Tabharfar cuireadh do ghníomhaireachtaí a chuireann seirbhísí Gaeilge ar fáil a theacht i láthair agus ábhar a chur faoi bhráid an tseimineáir. Beidh béim freisin i rith na bliana 2016 ar ghnéithe de shaíocht na Gaeilge a bhaineann leis an stair agus leis an gcultúr agus ar an gceangal atá acu le hÓglaigh na hÉireann agus le hÉirí Amach 1916.



For seachtain na Gaeilge 2016, Óglaigh na hÉireann will offer access to its installations through the Irish language to members of the public who wish to tour the locations. Many Military installations are working closely with their local County Council in providing a comprehensive programme for Seachtain na Gaeilge, including the provision of Irish Language speakers to visit local schools. As part of this effort, teams who visited the Gaelscoileanna as part of the Flags for Primary Schools Initiative delivered the presentation through Irish, including an official translation of the 1916 Proclamation in Irish.

Óglaigh na hÉireann is committed to providing services to the public through the medium of Irish and bilingually as well as increasing Irish language awareness and encouraging the use of Irish within Óglaigh na hÉireann. In 2016, Óglaigh na hÉireann will continue to work towards its goals in providing the following services in the Irish language:

- **Óglaigh na hÉireann's website www.mileata.ie , www.military.ie**
- **The completion of the bilingual Identification Card.**
- **The standardisation of bilingual signage in all military installations.**
- **The standardisation of all bilingual stationary.**
- **The broadening of access to Irish language courses.**

Mar chuid de Sheachtain na Gaeilge 2016, tabharfar deis do dhaoine den phobal ar mian leo cuairt a thabhairt ar ionaid de chuid Óglaigh na hÉireann sin a dhéanamh trí Ghaeilge. Tá cuid mhór de na hionaid mhíleata ag obair go dlúth leis an gComhairle Chontae áitiúil maidir le clár cuimsitheach imeachtaí a bheith ar bun i rith Sheachtain na Gaeilge, daoine a bhfuil labhairt na Gaeilge acu a chur ar fáil mar chainteoirí cuairte i scoileanna an cheantair san áireamh. Mar chuid den dícheall céanna seo, is i nGaeilge a rinne
na meithle a thug cuairt ar Ghaelscoileanna mar chuid den Tionscnamh Bratacha sna Scoileanna an cur i láthair, aistriúchán oifigiúil Gaeilge ar Fhorógra 1916 san áireamh.

Tá Óglaigh na hÉireann dúthrachtach maidir le seirbhísí a chur ar fáil don phobal i nGaeilge agus go dhátheangach chomh maith le cur leis an aird ar cheist na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge in Óglaigh na hÉireann a spreagadh. Leanfaidh Óglaigh na hÉireann i rith na bliana 2016 den obair chun na haidhmeanna a bhaint amach a bhaineann leis na seirbhísí seo a leanas a chur ar fáil i nGaeilge:

- **Láithreán gréasáin Óglaigh na hÉireann www.mileata.ie , www.military.ie**
- **An obair ar an gCárta Aitheantais dátheangach a thabhairt chun críche.**
- **Gnáthchaighdeán a leagan síos maidir le comharthaí dátheangacha i ngach ionad míleata.**
- **Gnáthchaighdeán a leagan síos maidir le stáiseanóireacht dhátheangacha.**
- **Leathnú ar an deis a bhíonn ag daoine ar chúrsaí Gaeilge.**

# 4 Youth and Imagination
# An Óige agus an tSamhlaíocht

A key part of the Youth and Imagination Strand of the State centenary programme is the National Flags for Schools Initiative. On direction from government, Óglaigh na hÉireann carried out over 3,300 individual visits to Primary Schools across the Republic, delivering a handmade Irish flag and a copy of the 1916 Proclamation to schoolchildren nationwide. This unprecedented programme of engagement with young people was tremendously well received and highlighted the relevance of Óglaigh na hÉireann to pupils, parents and their communities in every city, town, village and rural parish.

Gné ríthabhachtach den snaithe maidir leis An Óige agus an tSamhlaíocht de chlár comórtha an Stait is ea Tionscnamh Bhratacha Naisiunta sna Scoileanna. Ar threoir ón rialtas, thug Óglaigh na hÉireann 3,300 cuairt faoi leith ar Bhunscoileanna ar fud na Poblachta, gur tugadh bratach náisiúnta lámhdhéanta agus cóip d'Fhorógra 1916 do gach scoil. Bhí an-fháilte ag na daoine óga roimh an gclár caidrimh neamhghnách seo a léirigh an tábhacht atá ag na daltaí, na tuismitheoirí agus an pobal i ngach cathair, baile mór, sráidbhaile agus paróiste tuaithe le hÓglaigh na hÉireann.



In March 2016, Óglaigh na hÉireann will provide ceremonial support for a major State ceremony in Croke Park, at which a representative from every secondary school will be presented with an Irish Flag and a copy of the 1916 Proclamation.

Óglaigh na hÉireann will also present a National Flag to the Chief Scout, to signal the formal presentation by Ireland 2016 of a National Flag to every troop within Scouting Ireland in the Republic. The annual Defence Forces Gaisce and Transition Year programmes will also continue in 2016, demonstrating the spirit of volunteerism to our young people in this special centenary year.

I mí Márta 2016, beidh cúnamh taca searmanais á chur ar fáil ag Óglaigh na hÉireann maidir le searmanas mór Stáit i bPáirc an Chrócaigh ag a mbronnfar Bratach na hÉireann agus cóip d'Fhorógra 1916 ar ionadaí ó gach scoil dara leibhéal sa tír.

Bronnfaidh Óglaigh na hÉireann Bratach Náisiúnta na hÉireann freisin ar gach Ceannaire Gasóg, mar chomhartha ar an mBratach Náisiúnta a bhronnadh faoi Éire 2016 ar gach trúpa gasógaíochta sa Phoblacht. Beidh Gaisce agus Clár na hIdirbhliana, cláir bhliantúla de chuid Óglaigh na hÉireann, ar bun arís sa bhliain 2016 chun meon an tsaorálaíochais a léiriú d'óige na hÉireann i rith bhliain speisialta seo an chéid.



# 5 Cultural Expression
# Léiriú an Chultúir

In 2016, cultural activities within the Defence Forces will include a focus on the artistic and cultural dimensions of 1916. Many of our messes include significant works of art relating to leaders of the 1916 Rising (for example, the seven barracks of the Defence Forces Training Centre, Curragh Camp, were renamed in honour of the seven signatories of the 1916 proclamation) and these works will remain on display for all visitors to see and engage with.

Mar chuid de bheartaíocht cultúir in Óglaigh na hÉireann i rith na bliana 2016, beidh béim á leagan ar ghnéithe ealaíne agus ar ghnéithe cultúir maidir leis an mbliain 1916. Tá saothair thábhachtacha ealaíne i gcuid mhaith de na bialanna a bhfuil ceangal acu le ceannairí Éirí Amach 1916 (mar shampla, athainmníodh seacht mbeairic Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann, Campa an Churraigh, in onóir an tseachtair a chuir a n-ainm le forógra 1916) agus beidh na saothair sin ar taispeáint go mbeidh amharc ag na cuairteoirí go léir orthu agus deis a mbreathnaithe.

## The Defence Forces School of Music
## An Óige agus an tSamhlaíocht

The three military bands of the Defence Forces School of Music will play a key role in providing musical support for the many State and county ceremonial events taking place during 2016. In addition to this busy programme, Army No.1 Band will play public performances at locations such as the bandstand in St. Stephen's Green, Dublin during the summer months featuring the best of Irish music since 1916. Band 1 and 2 Brigade will also perform a full schedule of recitals which will be open to the general public.

The 2016 Defence Forces Gala Concert will take place in the National Concert Hall Dublin on Saturday 8th October and will feature contemporary musical selections from 1916, including music by celebrated Irish composers such as Colonel Fritz Brase, A. J. Potter and T.C. Kelly.

Beidh ról mór ag trí bhanna míleata Scoil Cheoil Óglaigh na hÉireann maidir le ceol a chur ar fáil ag searmanais Stáit agus searmanais contae i rith na bliana 2016. Chomh maith leis an gclár gnóthach oibre sin, beidh ceolchoirmeacha poiblí á dtabhairt ag Banna Uimh. 1 an Airm in áiteanna de leithéid Fhaiche Stiabhna, Baile Átha Cliath i rith an tsamhraidh leis an gcuid is fearr de cheol na hÉireann ón mbliain 1916 i leith. Beidh sceideal iomlán coirmeacha ceoil á dtabhairt ag Bannaí an Chéad Bhriogáid agus an Dara Briogáid chomh maith agus cead isteach ag daoine den ghnáthphobal.

Beidh Ceolchoirm Mhór Óglaigh na hÉireann 2016 ar siúl sa Cheoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath, Dé Sathairn an 8 Deireadh Fómhair agus beidh rogha den cheol comhaimseartha ó aimsir 1916 á chur i láthair, ceol san áireamh a cheap cumadóirí iomráiteacha de chuid na hÉireann, mar shampla an Coirneal Fritz Brase, A. J. Potter agus T.C. Kelly.

A Defence Forces Band will perform a Gala Concert in the University of Limerick Concert Hall on 21st May, featuring guest vocal and instrumental soloists and the pipes and drums of the Defence Forces.

A composite Defence Forces military band will participate in an Irish Music Retrospective in the National Concert Hall Dublin performing a lunchtime concert at the National Concert Hall Dublin on Saturday 10th September. The concert will feature music composed and arranged by former Directors of the Defence Forces School of Music alongside music by key Irish composers of wind band music.

In 2016, the annual Defence Forces Pilgrimage to Lourdes will continue to feature a Defence Forces composite Pipe Band, showcasing the very best of martial piping for an international audience of some 15,000 pilgrims and soldiers.

Beidh Ceolchoirm Mhor á cur ar siul ag Banna de chuid Oglaigh na hEireann i Halla Ceolchoirme Ollscoil Luimnigh freisin an 21 Bealtaine le haoi-cheoltoirí agus aoi-amhranaithe aonair agus píobairí agus drumadoiri Oglaigh na hEireann.

Beidh banna míleata cumaiscthe de chuid Oglaigh na hEireann pairteach i Súil Siar ar Cheol na hEireann sa Cheolaras Naisiunta i mBaile Atha Cliath i mbun ceolchoirme ag am loin De Sathairn an 10 Mean Fomhair. Ceol a chum no a choirigh daoine a bhíodh trath ina Stiurthoirí ar Scoil Cheoil Oglaigh na hEireann a bheidh á sheinm ag an gceolchoirm maille le ceol a cheap cumadoirí tabhachtacha ceoil de chuid na hEireann do bhannai gaothuirlisí.

Beidh Banna Píobaireachta cumaiscthe de chuid Oglaigh na hEireann ar Oilithreacht bhliantuil Oglaigh na hEireann go Lourdes arís sa bhliain 2016 agus leireofar scoth na píobaireachta airm do lucht eisteachta idirnaisiunta suas le 15,000 oilithreach agus saighdiuir.





# The Army Equitation School
# Scoil Eachaíochta an Airm

Founded in 1926, the Army Equitation has a mission to promote Ireland and the Irish Horse. In 2016, the School is celebrating its 90th anniversary and its unique status as the only remaining School of military equitation in the world where riders, grooms and support staff are drawn from the ranks of serving military personnel.

In 2016, the Army Equitation School will host a Commemorative Event in McKee Barracks to celebrate 90 years since its inception in 1926.

The School will participate in the 2016 Easter Parade with OC Equitation School leading the horses on parade through the capital. The horses will be ridden by officers and grooms of the School.



Sa bhliain 1926 a bunaíodh an Scoil Eachaíochta a bhfuil de mhisean aici Éire agus cúrsaí Capaill in Éirinn a chur chun cinn. Beidh comóradh ar siúl i rith na bliana 2016 ar 90 bliain ó thráth a bunaithe agus ar an stádas faoi leith atá aice ar an aon scoil eachaíochta míleata amháin atá fós ar bun ar fud an domhain ina dtagann na marcaigh, na giollaí agus an fhoireann taca ar fad ón lucht pearsanra míleata.

Beidh Ócáid Chomórtha ar bun ag Scoil Eachaíochta an Airm i nDún Mhic Aoidh i rith na bliana 2016 chun ceiliúradh a dhéanamh ar 90 bliain ó thráth a bunaithe sa bhliain 1926.

Beidh an Scoil páirteach i bParáid na Cásca 2016 agus beidh OigC na Scoile Eachaíochta i gceann an róid agus na capaill ar paráid tríd an bpríomhchathair. Oifigigh agus giollaí na Scoile a bheidh ag marcaíocht na gcapall.

In order to commemorate this centenary year, the School will undertake a guided tour of Collins Bks Museum 1916 Exhibition and Glasnevin Cemetery in March 2016. The School will also continue its participation, since the foundation of the Equitation School, at the Dublin Horse Show, which will take palce in July 2016.

Finally, as part of the youth and imagination strand of Ireland 2016, the Equitation School will facilitate approximately 50 school students this school year on an Equine Transition Year Programme, in addition to the Ministerial Bursary Training Week awarded to 2 Pony Club members.

D'fhonn comóradh a dhéanamh ar bhliain seo an chéid, tabharfaidh an Scoil cuairt threoraithe ar Thaispeántas 1916 in Iarsmalann Dhún Uí Choileáin agus ar Reilig Ghlas Naíon i mí Márta 2016. Leanfaidh an Scoil freisin de pháirt a ghlacadh, mar a rinneadh ó cuireadh an Scoil Eachaíochta ar bun ar dtús, i Seó Capaill Bhaile Átha Cliath a bheidh ar siúl i mí Iúil 2016.

Mar chuid den snáithe maidir leis an Óige agus an tSamhlaíocht, déanfaidh an Scoil Eachaíochta freastal ar tuairim is 50 dalta scoile i rith na scoilbhliana seo ar Chlár Eachaí don Idirbhliain chomh maith le Seachtain Oiliúna Chomhaltacht an Aire a bhronntar ar bheirt comhaltaí de chuid an Pony Club.






# 6 Community Participation
# Rannpháirtíocht an Phobail

In 2016, Óglaigh na hÉireann will play a key role in ceremonial Flag Raising ceremonies across 31 local authorities in every county in the Republic. These ceremonies will see the involvement of families, communities and local groups who will be reflecting on the Rising and how it affected their own communities, including those areas outside of Dublin and the other 1916 action sites.

Each ceremony will involve an Officer to raise the National Flag at a location to be decided by the County Council, with an Officer provide to read the 1916 Proclamation. A piper or bugler will also provide musical support for a range of local authority ceremonies, including the unveiling of plaques, commissioning of new commemorative gardens and wreath-layings. Members of Óglaigh na hÉireann are also members of their local communities. Many personnel play an active part in the leadership of local sporting and volunteer organisations, while others will have contributed to the support and protection of local communities in the flooding and severe weather events of winter 2015/2016.

Beidh páirt mhór ag Óglaigh na hÉireann i rith na bliana 2016 sna searmanais maidir le hArdú na Brataí ar fud 31 limistéar údaráis áitiúil i gcontaetha uile na Poblachta. Beidh teaghlaigh, pobail agus grúpaí áitiúla páirteach sna searmanais seo agus machnamh á dhéanamh acu ar an Éirí Amach agus ar an tionchar a bhí aige ar a gceantar féin, na ceantair sin taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath agus láithreacha eile ar tharla eachtraí sa bhliain 1916 san áireamh.

Ag gach searmanas, beidh Oifigeach i láthair a ardóidh an Bhratach Náisiúnta in ionad a shocróidh an Chomhairle Chontae agus Oifigeach a léifidh Forógra 1916. Beidh píobaire nó buabhallaí ar fáil freisin maidir le ceol do shearmanais éagsúla na n-údarás áitiúil, ina measc plaiceanna a nochtadh, gairdíní cuimhneacháin nua a choimisiúnú agus fleascanna a leagan. Is daoine den phobal freisin comhaltaí Óglaigh na hÉireann. Bíonn páirt mhór ag cuid mhór den lucht pearsanra sa cheannaireacht ar eagraíochtaí spóirt agus saorálaíochais ina gceantar áitiúil agus bhí daoine eile a chuidigh leis an bpobal áitiúil a chosaint le linn tuilte agus drochaimsire i rith gheimhreadh na mblianta 2015/2016.







# 7 Global and Diaspora
# Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra

Today approximately 440 men and women from Óglaigh na hÉireann are serving overseas on UN mandated Peace Support Operations. To commemorate the centenary of the 1916 Rising, personnel of Óglaigh na hÉireann serving abroad will give a special focus to the events of 1916 during the traditional medal parades and presentation of shamrock held on St. Patrick's Day, 17th March 2016.As part of the Global and Diaspora

Tá tuairim is 440 fear agus bean de chuid Óglaigh na hÉireann i mbun seirbhíse thar lear faoi láthair maidir le hOibríochtaí Tacaíochta Síochána faoi shainordú ó na Náisiúin Aontaithe. D'fhonn comóradh a dhéanamh ar chéad bliain Éirí Amach 1916, beidh béim faoi leith ag lucht pearsanra Óglaigh na hÉireann atá ar seirbhís thar lear ar eachtraí 1916 le linn na bparáidí boinn agus bhronnadh na seamróige ar Lá Fhéile Pádraig an 17 Márta 2016.



strand, Óglaigh na hÉireann will also team with Ireland 2016 to facilitate a live screening of the ground-breaking Notre Dame University 1916 documentary, narrated by Liam Neeson, to personnel serving in the Lebanon and Syria, on the eve of St. Patrick's Day. Personnel serving at sea and in smaller missions across Africa and the Middle-East will also hold individual ceremonies and events to mark the centenary of the Rising.

Mar chuid den snáithe maidir le hÉireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra, oibreoidh Óglaigh na hÉireann i gcomhairle Éire 2016 chun léiriú beo ar scáileán den scannán nua de chuid Ollscoil Notre Dame faoi 1916, le tráchtaireacht ó Liam Neeson, a chur ar siúl don lucht pearsanra sa Liobáin agus sa tSiria Oíche Fhéile Pádraig. Beidh searmanais agus imeachtaí faoi leith ar siúl freisin ag an lucht pearsanra atá ar seirbhís ar muir agus ar mhisin níos lú ar fud na hAfraice agus an Mheánoirthir chun céad bliain an Éirí Amach a cheiliúradh.



# POBLACHT NA H EIREANN.

# THE PROVISIONAL GOVERNMENT
OF THE
# IRISH REPUBLIC
# TO THE PEOPLE OF IRELAND.

IRISHMEN AND IRISHWOMEN: In the name of God and of the dead generations from which she receives her old tradition of nationhood, Ireland, through us, summons her children to her flag and strikes for her freedom.

Having organised and trained her manhood through her secret revolutionary organisation, the Irish Republican Brotherhood, and through her open military organisations, the Irish Volunteers and the Irish Citizen Army, having patiently perfected her discipline, having resolutely waited for the right moment to reveal itself, she now seizes that moment, and, supported by her exiled children in America and by gallant allies in Europe, but relying in the first on her own strength, she strikes in full confidence of victory.

We declare the right of the people of Ireland to the ownership of Ireland, and to the unfettered control of Irish destinies, to be sovereign and indefeasible. The long usurpation of that right by a foreign people and government has not extinguished the right, nor can it ever be extinguished except by the destruction of the Irish people. In every generation the Irish people have asserted their right to national freedom and sovereignty; six times during the past three hundred years they have asserted it in arms. Standing on that fundamental right and again asserting it in arms in the face of the world, we hereby proclaim the Irish Republic as a Sovereign Independent State, and we pledge our lives and the lives of our comrades-in-arms to the cause of its freedom, of its welfare, and of its exaltation among the nations.


The Irish Republic is entitled to, and hereby claims, the allegiance of every Irishman and Irishwoman. The Republic guarantees religious and civil liberty, equal rights and equal opportunities to all its citizens, and declares its resolve to pursue the happiness and prosperity of the whole nation and of all its parts, cherishing all the children of the nation equally, and oblivious of the differences carefully fostered by an alien government, which have divided a minority from the majority in the past.

Until our arms have brought the opportune moment for the establishment of a permanent National Government, representative of the whole people of Ireland and elected by the suffrages of all her men and women, the Provisional Government, hereby constituted, will administer the civil and military affairs of the Republic in trust for the people.

We place the cause of the Irish Republic under the protection of the Most High God, Whose blessing we invoke upon our arms, and we pray that no one who serves that cause will dishonour it by cowardice, inhumanity, or rapine. In this supreme hour the Irish nation must, by its valour and discipline and by the readiness of its children to sacrifice themselves for the common good, prove itself worthyof the august destiny to which it is called.

Signed on Behalf of the Provisional Government,

THOMAS J. CLARKE,
SEAN Mac DIARMADA, THOMAS MacDONAGH,
P. H. PEARSE, EAMONN CEANNT,
JAM CONNOLLY. JOSEPH PLUNKETT.




Óglaigh na hÉireann
DEFENCE FORCES IRELAND

available on military.ie